

8.0 Caibidil 8

An Straitéis um Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

8.1 Réamhrá

Mar gheall ar fhlúirse na hoidhreachta tógtha sa Chontae, contae eisceachtúil é. Cuimsíonn sí Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne, áit ar shuigh Ardríthe na hÉireann i dTeamhair, tuamaí pasáiste Loch Craobh, an caisleán Angla-Normannach is mó san Eoraip i mBaile Átha Troim, na bailte stairiúla, an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas, tithe móra tuaithe, tírdhreacha diméine agus oidhrecht mhór tionscail a chuimsíonn canálacha agus muilinn.

Áirítear le hoidhrecht nádúrtha an Chontae gleannta abhann scéimhiúla, feirmeacha réchnocacha, gréasán d'fhálta sceach aibí agus gnáthóga cósta éagsúla.

Tá aitheantas an Chontae nasctha lena oidhrecht, agus tá sé ag croílár an dearcaidh atá againn fúinn féin mar dhaoine aonair, mar phobail agus mar Chontae. Tá ár n-oidhrecht uathúil ina dlúthchuid de charachtar agus de tharraingteacht an Chontae agus spreagann sí an turasóireacht agus an infheistíocht.

Áit a bhfuil gnéithe den oidhrecht nádúrtha agus chultúrtha ábhartha d'aon togra forbartha, moltar d'iaratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Pleanála, a éascóidh plé réamhiarratais chomh luath agus is féidir.

8.2 Fís

Oidhrecht chultúrtha agus nádúrtha an Chontae a aithint, a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú, agus a cuimsiú íogair i bhforbairt inbhuanaithe an Chontae a mholadh ar mhaithe le glúin an lae inniu agus na todhchaí. Féachtar leis an bPlean chuig cothrom a bhaint amach idir an méid thuas agus rath eacnamaíoch agus lánpháirtíú sóisialach.

8.3 Oidhrecht Chultúrtha

Tagraíonn Oidhrecht Chultúrtha do¹ leachta, d'fhoirgnimh, grúpaí foirgnimh, agus láithreáin ar meascán iad d'obair an nádúir agus an duine. Laistigh de na cineálacha éagsúla foirgnimh agus na modhanna éagsúla úsáide tá struchtúir tábhachtacha lena ngabhann carachtar sainiúil a meastar gur fiú iad a chosaint.

8.4 Comhthéacs Reachtúil

Shínigh agus dhaingnigh an Stát roinnt Coinbhinsiún Idirnáisiúnta agus Eorpach agus roinnt Treoracha AE agus leis sin a dhéanamh d'aontaigh sé cloí leis na prionsabail atá cuimsithe iontu. Is iad na Coinbhinsiúin agus na Treoracha sin a threoraíonn ceapadh na reachtaíochta náisiúnta agus an bheartais náisiúnta agus réigiúnaigh chun an oidhrecht thógtha agus nádúrtha a chosaint.

¹ An Coinbhinsiún ar Oidhrecht Dhomhanda, 1972

8.4.1 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú

In Alt 10 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe, leagtar amach liosta de spriocanna éigeantacha atá le cur san áireamh i bplean forbartha. Baineann cuid díobh sin leis an oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear - an oidhreacht seandálaíochta, struchtúir agus limistéir sainspéise a chosaint, carachtar an tírdhreacha agus radhairc a chaomhnú.

8.4.2 Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 – 2004

Foráiltear leis na hAchtanna seo do chosaint na hoidhreachta seandálaíche.

8.4.3 An Coinbhinsiún Eorpach ar Chosaint na hOidhreachta Seandálaíche 1992 - Coinbhinsiún Valletta (ETS Uimh. 143)

Leis an gCoinbhinsiún cuirtear an creat bunúsach ar fáil don bheartas ar chosaint na hoidhreachta seandálaíche mar fhoinse do chomhchuimhne na hEorpa. Tugann an Stát faoi fhéachaint chuig riachtanais na seandálaíochta agus na bpleananna forbartha faoi seach a thabhairt chun réitigh agus a mheascadh trí dhéanamh cinnte go nglacann seandálaithe páirt i mbeartais phleanála, i scéimeanna forbartha, i bpleananna forbartha, measúnachtaí tionchair timpeallachta agus moltaí maidir le gnéithe den oidhreacht sheandálaíoch a choimeád in-situ.

8.4.4 An Coinbhinsiún um Chosaint Oidhreacht Nádúrtha na hEorpa, 1985 - Coinbhinsiún Ghreanáda (ETS Uimh. 121)

Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún sin i 1997 agus aithnítear leis gurb ionann an oidhreacht ailtireachta agus léiriú ar shaibhreas agus éagsúlacht oidhreacht chultúrtha na hEorpa nach féidir luach a chur air agus a chothaíonn forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha stát agus réigiún.

8.4.5 Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa, 2000 – Coinbhinsiún Fhlórans (ETS Uimh. 176)

Sainíonn an Coinbhinsiún sin an tírdhreach mar ‘...limistéar, dar le daoine, ar tháinig a charachtar chun cinn mar gheall ar ghníomhú agus idirghníomhú fachtóirí nádúrtha agus/nó daonna’ agus baineann sé le tírdhreacha tuaithe agus uirbeacha araon. Ceanglaítear leis an gCoinbhinsiún go mbeadh an tírdhreach cuimsithe i mbeartais phleanála agus cuirtear chun cinn ann idirghníomhú idir údaráis áitiúla agus lárnacha, agus comhar trasteorann chun tírdhreacha a chosaint.

8.4.6 An Coinbhinsiún ar Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, 1998 - Coinbhinsiún Aarhus

Le Coinbhinsiún Aarhus leagtar síos sraith de róil bhunúsacha chun rannpháirtíocht saoránach i gcúrsaí comhshaoil a chur chun cinn agus chun forfheidhmiú an dlí Comhshaoil a fheabhsú; tá a chuid forálacha miondealaithe i dtrí Cholún: Rochtain ar fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gcinnteoireacht chomhshaoil agus Rochtain ar Cheartas. Tháinig an Treoir Eorpach 2003/4/CE ar Rannpháirtíocht Phoiblí i gcinnteoireacht chun cinn ón méid céanna, agus tá an dá cheann acu trasuite i nDlí na hÉireann. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún ar an 20th Meitheamh 2012.

8.5 Comhthéacs Beartais

8.5.1 An Creat agus na Prionsabail um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíche (1999); Beartas agus Treoir ar Thochailt Sheandálaíoch (1999)

Tá an Creat agus na prionsabail sin a shonraíonn na bunphrionsabail um chosaint na hoidhreachta seandálaíche bunaithe ar thiomhde na dtionchar forbartha ar an oidhrecht sheandálaíoch a sheachaint agus caomhnú in-situ mar an gcéad rogha agus ina dhiaidh sin caomhnú trí thaifead áit a bhfuil éifeacht ag an oidhrecht sheandálaíoch nó go mbeidh éifeacht ag an bhforbairt uirthi.

8.5.2 Beartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009-2015

Aithnítear i mBeartas an Rialtais ar Ailtireacht 2009 - 2015 agus thairis sin ról na haitireachta sa tsochaí mar léiriú ar luachanna cultúrtha, aestéitiúla agus sóisialta an ama atá thart agus an lae inniu. I measc a chuid moltaí tá 45 bheart a chur i bhfeidhm ag roinnt ranna rialtais thar thréimhse ama.

8.5.3 Na Treoirínte ar Chosaint na hAiltireachta Seandálaíche 2011

Eisítear na Treoirínte sin faoi Alt 28 agus Alt 52 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe. Faoi Alt 52(1), ceanglaítear ar an Aire treoirínte a eisiúint chuig údaráis phleanála maidir le cuspóirí forbartha, a) chun struchtúir, nó codanna de struchtúir a chosaint, a bhfuil spéis speisialta ailtireachta, stairiúil, sheandálaíoch, ealaíonta, chultúrtha, eolaíoch, sóisialta nó teicniúil ag gabháil leo agus b) chun carachtar na limistéar caomhantais ailtireachta a chaomhnú. Ceanglaíonn treoirínte arna n-eisiúint faoi Alt 28 den Acht ar údaráis phleanála féachaint chucu agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna.

8.5.4 An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2019-2031

Aithnítear sa RSES go soláthraíonn timpeallacht stairiúil an réigiúin mothú uathúil áite agus go bhfuil ról dearfach aige sa cháilíocht bheatha. Sa RSES leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an dea-chleachtas sa bhainistíocht oidhreachta a chuimsiú i bpleanáil úsáid talún trí chosaint an ábhair uirbigh stairiúil, athúsáid íogair na bhfoirgneamh stairiúil agus feabhsú áiteanna lena ngabhann tábhacht speisialta chultúrtha nó nádúrtha agus réimse poiblí agus spásanna caithimh aimsire ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá sé mar chuspóir sa bheartas réigiúnach - bailte stairiúla sa Réigiún a chur chun cinn i gcleachtadh na giniúna faoi threoir na hoidhreachta, chun athúsáid íogair agus oiriúnaitheach stoc na bhfoirgneamh stairiúil, na ngnéithe tionscail agus na struchtúr cosanta a chur chun cinn; tacú le hainmniú láithreáin iarrthóra EOCNA sa Réigiún

8.6 Oidhrecht Seandálaíochta

Is é atá sa tseandálaíocht ná staidéar ar shochaithe daonna trí hiniúchadh agus anailís ar an bhfianaise ábhartha atá fágtha. Tá sí fíor-úsáideach le haghaidh tréimhsí agus sibhialtachtaí a bhí ann sula raibh taifid scríofa ann. Cuimsíonn oidhrecht sheandálaíoch limistéir séadchomharthaí, láithreáin, agus míreanna cibé acu go bhfuil siad suite ar talamh nó faoi uisce. Chuige sin, tá oidhrecht sheandálaíoch shuntasach ag an gContae, agus soláthraíonn sí acmhainn luachmhar chultúrtha, oideachais agus turasóireachta.

Tá cóip den Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna le haghaidh Chontae na Mí ar fáil ag www.archaeology.ie.

Tá sonraí cuspóirí reachtúla agus reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta ar fáil in Aguisín Uimh 1 agus Uimh. 2. Tá liosta de Shéadchomharthaí Náisiúnta faoi Chúram an Stáit agus Taifead na Séadchomharthaí Stairiúla cuimsithe in Aguisín Uimh. 9.

Bítear i gcónaí ag nochtadh láithreán nua trí thaighde agus fhorbairt lena n-áirítear tionscadail bhonneagair a chur i gcrích agus moltar bunachar Seandálaíoch na Séadchomharthaí Náisiúnta a sheiceáil ar www.archaeology.ie nuair atá forbairt ar láithreán ar bith á breithniú.

Féadfar freisin, i roinnt cásanna, struchtúir sheandálaíoch a mheas mar oidhrecht sheandálaíoch agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh siad ar Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (TSÁ) agus i dTaifead na Struchtúr Cosanta (TSC).

Is é beartas na Comhairle:

CUS OID 1 Láithreáin seandálaíochta, séadchomharthaí, seandálaíocht faoi uisce agus míreanna seandálaíochta a chosaint ina suíomh, atá liosta ar Thaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna le haghaidh na Mí.

- CUS OID 2 Gach láithreán agus gné lena ngabhann spéis sheandálaíoch a chosaint a nochtadh tar éis gur foilsíodh Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna, in situ (nó le caomhnú trí thaifead ar a laghad) agus aird tugtha ar chomhairle agus mholtaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- CUS OID 3 Mar chuid de phróiseas na bainistíochta forbartha, measúnachtaí tionchair seandálaíochta, suirbhé geofisiceach, tochailtí trialacha nó monatóireacht a éileamh mar is cuí, le haghaidh forbartha gar do shéadchomharthaí nó i limistéir acmhainneachta seandálaíochta. Áit a bhfuil iarsmaí ina seasamh go fóill, d'fhéadfadh go n-éileofaí measúnacht tionchair físe.
- CUS OID 4 Mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha, measúnachtaí tionchair seandálaíochta, measúnachtaí, suirbhé geofisiceach nó tochailtí trialach a éileamh mar is cuí áit a ngabhann glanadh talún de níos mó ná leath heicteáir le tograí forbartha nó le haghaidh forbairtí líneacha atá os cionn ciliméadair ar fad; nó forbairtí gar do limistéir ag a bhfuil dlús de shéadchomharthaí seandálaíochta aitheanta agus stair de nochtadh mar atá aitheanta ag seandálaí ceadúnaithe.
- CUS OID 5 Treoir a iarraidh ó Ard-Mhúsaem na hÉireann nuair a nochtar mír sheandálaíoch nach bhfuil taifeadta, nó ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta i gcás láithreáin sheandálaíoch nach bhfuil taifeadta.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

- CUS OID 1 I gcomhpháirt le Fóram Oidhreachta Chontae na Mí, páirtithe leasmhara ábhartha agus leis an bpobal, Plean Oidhreachta Chontae na Mí a chur i bhfeidhm in éineacht le haon athbhreithnithe air sin.
- CUS OID 2 Déanamh cinnte go suitear forbairt gar do Shéadchomhartha Taifeadta nó Chrios Acmhainne Seandálaíche agus go ndeantar ar bhealach íogair í ionas gurbh ar éigean go mbainfí ón séadchomhartha ná óna shuíomh.
- CUS OID 3 Féachaint chuig tírdhreacha seandálaíochta a chosaint ar fhorbairt neamhchuí.
- CUS OID 4 Bainistíocht agus cothabháil oidhreachta sheandálaíoch an Chontae a mholadh, lena n-áirítear reiligi², i gcomhréir leis an dea-chleachtas caomhantais lena mheastar tionchar an athrú aeráide.
- CUS OID 5 Feasacht faoi acmhainní seandálaíochta na tíre a mholadh, chomh maith le soláthar na rochtana orthu.
- CUS OID 6 Oibriú i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara lárnacha chun Contae na Mí a chur chun cinn mar ionad oideachais agus foghlama don oidhreachta chultúrtha trí ghníomhaíochtaí mar tochailt phobail agus scoileanna allamuigh/samhraidh.

² An Chomhairle Oidhreachta (2011). Treoir maidir le hAire a Thabhairt do Reiligi Stairiúla, iad a Chaomhnú agus iad a Thaifeadadh

8.6.1 Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA - Brú na Bóinne

Tugtar Brú go Boinne go coitianta ar an Láithreán Seandálaíochta Domhanda *Cnuasach Seandálaíoch Chor na Bóinne*. Tagraíonn sé don limistéar laistigh de chor na Bóinne thart ar an nGráinseach Nua, Cnóbha agus Dubhadh, agus tá sé ar cheann de na coimpléisc sheandálaíochta is mó ar an domhan. Tá go leor gnéithe seandálaíochta suntasacha ag gabháil le Brú na Bóinne, lena n-áirítear an cnuasach is mó d'ealaíon mheigiliteach san Eoraip, grúpa mór agus éagsúil séadchomharthaí, agus fianaise ar lonnaitheacht agus ghníomhaíocht leanúnach sa cheantar ar feadh tuairim is 7,000 bliain. Nochtadh tábhacht idirnáisiúnta Bhrú na Bóinne diaidh ar ndiaidh trí phróiseas leanúnach nochtta agus taighde a thosaigh 300 bliain ó sin. I mí na Nollag 1993 ghreanEagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECA) Brú na Bóinne mar Láithreán Oidhreachta Domhanda. Leis an inscibhinn sin aithnítear tábhacht uilíoch an tírdhreacha sin don chine dhaonna agus ceanglaítear ar an Stát Luach Uilíoch Suntasach (LUS) limistéar an Láithreán Oidhreachta Domhanda a chosaint de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

Ceann de na gnéithe de Bhrú na Bóinne is mó atá aitheanta ná féiniméan ghrianstad lár an gheimhridh, nuair a shoilseann an ghrian, agus í ag éirí os cionn dhroim na Sléibhe Deirge, tríd an mbosca dín os cionn an bhealaigh isteach chuig an uaigh sa Ghráinseach Nua sa mhéid is go lastar an seomra laistigh de.

Tá Brú na Bóinne ar cheann de na tarraingtí láithreáin oidhreachta is mó tábhachta agus is mó éilimh do chuariteoirí sa Tír agus dá bharr sin, is sócmhainn turasóireachta Áitiúil, Réigiúnach agus Náisiúnta an-tábhachtach é agus 261,340 taifeadta i 2018.

8.6.2 An Luach Uilíoch Suntasach a Chothú

Foilsíodh an chéad phlean bainistíochta don láithreán i 2002 ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cuireadh an phlean bainistíochta san áireamh sa Phlean Forbartha Contae 2013-2019. Faoi na *Treoirlínte Oibriúcháin um Chur i bhfeidhm an Choinbhinsiún Oidhreachta Domhanda* (Iúil 2013), ní mór go mbeadh phlean bainistíochta ann do gach láithreán atá ar an liosta Oidhreachta Domhanda agus ní mór go míneofaí sa phlean sin conas atáthar chun an Luach Uilíoch Suntasach a choimeád. Seoladh an leagan ionaid den phlean bainistíochta sin ó 2002 chuig EOECA i mí Eanáir 2017 ag an Roinn Oidhreachta, Cultúir agus Gaeltachta. Ní cáipéis phleanála reachtúil atá sa Phlean Bainistíochta.

Tá Treoir ar Phleanáil, faisnéis bhreise ar Oidhrecht Dhomhanda EOECA agus an Ráiteas faoin Luach Uilíoch Suntasach do Bhrú na Bóinne agus Plean Bainistithe Láithreáin Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne cuimsithe in Aguisín uimh. 8 den Phlean Forbartha Contae.

8.6.3 Ráiteas Beartais

Tá Comhairle Contae na Mí geallta chun cosaint agus caomhnú an Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil gá le cóiríocht bhreise agus le háiseanna turasóra eile chun gur féidir leis an bpobal áitiúil leas a bhaint as stádas an limistéir mar Láithreán Oidhreachta Domhanda. Tabharfar tacaíocht d'athchóiriú an stoc reatha foirgnimh agus molfar é chuige sin. Tá an láithreán Oidhreachta Domhanda ina ghné lárnach de Sheanoirthear na hÉireann

agus dá chumas gníomhaíocht bhreise turasóra a ghiniúint i réigiún leathan Bhrú na Bóinne agus tá sé aitheanta mar fhachtóir a ghineann fostaíocht áitiúil. Cuireann an Chomhairle fáilte roimh thacaíocht ó pháirtithe leasmhara náisiúnta lárnacha maidir le beartais chuí a fhorbairt chun déanamh cinnte go mbaineann an limistéar leas as a sheasamh uathúil maidir leis an oidhreacht Idirnáisiúnta.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 6	Luach Uilíoch Suntasach an Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne a chosaint ar aon dul leis na treoirlínte agus an reachtaíocht náisiúnta ionas nach mbíonn drochéifeacht ag an athrú ná an fhorbairt mhíchuí chomhach ar a shláine, a bharantúlacht ná a thábhacht.
BEA OID 7	Coimeád, caomhnú agus athúsáid chuí na bhfoirgneamh traidisiúnta sa Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne a spreagadh in áit iad a athsholáthar nó foirgnimh nua a thógáil ar láithreáin úrnua.
BEA OID 8	Déanamh cinnte go mbeidh forbairt laistigh den Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne faoi réir Chritéir na Measúnachta Forbartha atá leagtha amach in Agusín 8 agus na Treoirlínte ar Bhainistíocht Forbartha i gCaibidil 11.
BEA OID 9	Tithe aonair laistigh den láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne, mar atá taispeánta ar Léarscáil 8.1 - Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA - Brú na Bóinne, a mheas díreach dóibh siúd atá ag gabháil don talmhaíocht lánaimseartha go háitiúil agus nach bhfuil talamh acu lasmuigh den Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne agus faoi réir cloí leis na forálacha atá sa Phlean Forbartha seo.
BEA OID 10	Déanamh cinnte go mbíonn méaduithe ar thithe laistigh den Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne ar aon dul leis na foirgnimh tosaigh.
BEA OID 11	Tacú leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus gach páirtí leasmhar le cur i bhfeidhm Phlean Bainistíochta Bhrú na Bóinne, 2017.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

BEA OID 7	Oibriú i gcomhpháirt leis an bpobal agus le gach páirtí leasmhar ábhartha chun an Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne a chur chun cinn, a thuiscint, a chaomhnú agus a bhainistiú go hinbhuanaithe.
CUS OID 8	Plé réamhiarratais a spreagadh agus a éascú, i dteannta leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le suíomh agus dearadh forbairtí a mbíonn éifeacht acu ar an Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA Brú na Bóinne agus raon feidhme aon mheasúnachtaí tionchair atá riachtanach.

BEA OID 9	Gach iarratas pleanála laistigh den Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne a chur faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta um thrácht. Déanfar na tráchta sin a mheas agus gach iarratas pleanála den sórt sin á mheas.
BEA OID 10	Tacú le hathúsáid teaghaisí foilmhe agus dearóile laistigh de phríomhchrios agus crios maolánach Láithreán Oidhreachta Domhanda, Brú na Bóinne agus é a mholadh trí chúnamh agus comhairle ghairmiúil a chur ar fáil d'úinéirí ar mian leo na láithreáin sin a athfhorbairt.
CUS OID 11	Na línte mullaigh atá mar fhráma timpeall radharc laistigh den Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne agus uaidh a chosaint ar fhorbairt atá míchuí nó a chuireann isteach ar radhairc.
HER OBJ 12	Plean Gnó a ullmhú agus a chur i bhfeidhm don Láithreán Oidhreachta Domhanda i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, de réir maoinithe a bheith ar fáil.

8.6.4 An Liosta Sealadach Oidhreachta Domhanda

Tá cosaint oidhrecht chultúrtha agus nádúrtha an domhain tábhachtach do ghlúin an lae inniu agus na todhchaí agus chuige sin tá an Stát geallta chun an Láithreán Oidhreachta Domhanda a aithint, a chosaint, a chaomhnú, a chur i láthair agus a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 4 den Choinbhinsiún Oidhreachta Domhanda.

Is é atá i Liosta Sealadach ná fardal de na foirgnimh úd a bhfuil sé ar intinn ag tír a mheas le hainmniú chuig an Liosta Oidhreachta Domhanda. D'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an Liosta Sealadach reatha agus cuireadh faoi bhráid EOECA é i mí an Mhárta 2010. Ní ainmneofar aon fhoirgneamh ón Liosta Sealadach le hinscríobh ar an Liosta Oidhreachta Domhanda ach go ndéanfar comhchomhairle le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile. Cuireadh dhá láithreán sa Chontae san áireamh ar an Liosta Sealadach mar chuid de na cnuasaigh mhóra láithreáin:

- Coimpléacs na Teamhrach mar chuid de Láithreáin Ríoga na hÉireann (Caiseal, Dún Ailinne, Cnoc Uisneach, Coimpléasc Ráth Cruachan agus Coimpléasc na Teamhrach)
Ceanannas, mar chuid de Láithreáin Manach na Luath-mheánaoise (Cluain Mhic Nóis, Darú, Gleann Dá Loch, Inis Cealtra, Ceanannas agus Mainistir Bhuithe)

I mí Eanáir 2019, d'iarr an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta iarratais ar Liosta Sealadach d'fhoirgnimh na hÉireann um ainmniú féideartha chuig an Liosta Oidhreachta Domhanda 2020-2030.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 12	Láithreáin Oidhreachta Domhanda féideartha sa Mhí ar Liosta Sealadach EOECA – Éire a aithint agus aird a thabhairt orthu.
------------	---

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 13 Tacú leis an Stát leis an bpróiseas ainmniúcháin do Theamhair agus do Ceanannas chuig stádas Oidhreacht Domhanda mar chuid de chnuasach Láithreán Ríoga agus Manach i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla ábhartha.

8.6.5 Bailte Múrtha

Bailte múrtha meánaoiseacha iad an Uaimh, Baile Átha Troim, Ceanannas agus Baile Átha Buí. Astu siúd, is é Baile Átha Troim amháin ina bhfuil faid mhóra de bhallaí an bhaile fós ina seasamh. Cé go bhfuil roinnt iarsmaí ina seasamh sna bailte eile, léiríodh go bhfuil codanna de na ballaí fós ann faoin talamh. I measc na gcosaintí baile tá ballaí, geataí, úrdhúnta, claiseacha, oibreacha allamuigh agus gnéithe eile. Meastar gach baile múrtha mar shéadchomhartha taifeadta singil agus aicmítear líne na mballaí baile agus na gcosaintí mar Shéadchomharthaí Náisiúnta faoin mBeartas Náisiúnta ar Chosaintí Baile 2008.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 13 Gach gné de chosaintí baile mheánaoisigh a mhaireann fós a chosaint agus a chaomhnú in situ.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 14 Patrún na sráideanna meánaoiseacha a mhaireann a chaomhnú, chomh maith le línte tógála agus leithid ceapach burgáiste i mbailte múrtha stairiúla.

8.7 Oidhreacht Sheandálaíoch

Cuireann oidhreacht ailtireachta na Mí lena mothú uathúil áite. Is mian leis an gComhairle a chinntiú go gcosnaítear agus go mbainistítear na foirgnimh, na sráid-dreacha agus na gnéithe sin atá fiúntach ionas go gcoimeádann siad a gcarachtar agus a spéis speisialta.

8.7.1 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta

Cuirean an tAcht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe (Cuid II, Alt 10) dualgas ar gach Údarás Áitiúil cuspóirí um chosaint struchtúr, nó codanna de struchtúir a chuimsiú ina gcuspóirí Phlean Forbartha a bhfuil spéis speisialta ailtireachta, stairiúil, sheandálaíoch, ealaíonta, chultúrtha, eolaíoch, shóisialta nó theicniúil ag gabháil leo. Cuirtear na foirgnimh agus na struchtúir sin ar chlár ar a dtugtar Clár na Struchtúr Cosanta (CSC).

Féadfar an CSC a éagsúlú le próiseas faoi Alt 55 lasmuigh d'athbhreithniú ar an bPlean agus is féidir féachaint ar CSC suas le dáta, lena n-áirítear aon struchtúir nua a cuireadh leis nó aon leasuithe a sheiceáil ag an gcontar poiblí in Oifig Pleanála na Comhairle. Moltor d'fhorbróirí agus do dhaoine a bhfuil sé ar intinn acu foirgnimh stairiúla a cheannach an leagan is deireanaí de Thaifead na Struchtúr Cosanta a sheiceáil.

Áirítear le Struchtúr Cosanta, ach má shonraítear a mhalairt sa TCS:

- taobh istigh an struchtúir;
- an talamh atá suite laistigh dá chuirtealáiste;

- aon struchtúir eile laistigh den chuirtealáiste agus a dtaobhanna istigh, agus:
- gach feisteas agus gné atá mar chuid den taobh istigh nó den taobh amuigh i gceann ar bith de na struchtúir sin.

Is gnách go nglactar leis go gciallaíonn ‘cuirtealáiste’ na tailte sin atá gaolmhar go díreach leis an struchtúr, agus i gcás foirgneamh beag is gnách go gciallaíonn sé an talamh go léir laistigh de na teorainneacha. I gcás foirgneamh mór, ní mór an cuirtealáiste a shocrú ar bhonn cáis aonair.

Tugadh faoi athbhreithniú ar an CSC chun ullmhú don Phlean sin. Moltar struchtúir a chur leis, a bhaint de agus leasuithe a dhéanamh air agus is féidir féachaint orthu in Imleabhar 2, agus ar Thairseach Léarscáileanna Chomhairle Contae na Mí. Tar éis gur cuireadh leis na comhairlí baile³ an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas cuimsíodh an CSC do na bailte sin i CSC an Chontae.

Leis an Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe, leagtar dualgas ar úinéirí agus áititheoirí Struchtúr Cosanta as cinntiú nach gcuirtear an struchtúr ná aon ghné den struchtúr a chuireann lena spéis speisialta, i mbaol trí fhaillí, nó trí hoibreacha míchuí. Moltar d'úinéirí agus d'áititheoirí dul i gcomhairle leis an Roinn Pleanála má tá siad ag breithniú oibreacha ar Struchtúir Chosanta nó oibreacha a mbeidh éifeacht acu orthu.

In Alt 5 den Acht Pleanála agus Forbartha agus sna rialacháin tacaíochta leagtar amach na hoibreacha sin atá comhionann le forbairt dhíolmhaithe agus mar sin nach gnách go mbíonn cead pleanála ag teastáil lena n-aghaidh. I gcás Struchtúir Chosanta, áfach, ní fhéadfar oibreacha den sórt sin a dhéanamh gan chead pleanála ach má shocraítear nach mbeadh éifeacht ag na hoibreacha ar charachtar ná ar aon ghné den struchtúr a chuireann lena spéis speisialta. Féadfaidh úinéir nó áititheoir dearbhú a lorg ón gComhairle maidir leis na cineálacha oibreacha a mbeadh nó nach mbeadh éifeacht ábhartha acu ar charachtar an struchtúir agus a mbeadh nó nach mbeadh cead pleanála riachtanach lena n-aghaidh.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 14	Oidhreacht ailtireachta an Chontae a chosaint agus a chaomhnú agus féachann sí chuig leagan nó athrú míchuí Struchtúr Cosanta a chosc.
BEA OID 15	Caomhnú Struchtúr Cosanta a mholadh, agus áit is cuí, úsáid oiriúnaitheach foirgneamh agus láithreán reatha ar bhealach atá ag teacht lena gcarachtar agus lena dtábhacht. I gcásanna áirithe, féadfar srianta ar chriosú talún a mhaolú chun an struchtúr cosanta a chaomhnú.
BEA OID 16	Suíomh Struchtúr Cosanta a chosaint agus cead a dhiúltú d'fhorbairt laistigh den chuirtealáiste nó in aice le struchtúr cosanta a mbeadh drochthionchar aige ar charachtar agus spéis speisialta an struchtúir, áit is cuí.
BEA OID 17	É a dhéanamh ina cheangal go gcuimseodh gach iarratas pleanála a bhaineann le Struchtúir Chosanta na cáipéisí cuí in éineacht leo i gcomhréir leis na <i>Treoirlínte ar</i>

³ An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014

Chosaint na hAiltireachta d'Údarás Phleanála (2011) nó aon éagsúlú air sin, chun measúnú ceart ar na hoibreacha beartaithe a cheadú.

BEA OID 18 É a dhéanamh ina cheangal i gcás go ndeonófaí cead pleanála d'fhorbairt laistigh de chuirtealáiste struchtúir chosanta, gur cheart tosaíocht a thabhairt d'aon oibreacha atá riachtanach chun go mbeadh an struchtúr slán agus le haghaidh a athúsáide le linn na chéad chéime den fhorbairt.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 14 Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta ar bhonn leanúnach agus struchtúir a chur leis nó a bhaint de réir mar is cuí.

CUS OID 15 Eiseamláirí de thoscán sráide stairiúil a aithint agus a choimeád, e.g. boscaí poist iarainn teilgthe, caidéil, feistis solais agus comharthaí, de réir mar is cuí.

CUS OID 16 Dea-chleachtas caomhantais a chur chun cinn agus úsáid comhairleoirí, ceardaithe agus saor gairmiúil atá cáilithe go cuí a mholadh, a bhfuil saineolas aitheanta acu sa chaomhantas, le haghaidh oibreacha ar struchtúir chosanta nó foirgnimh stairiúla i Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

CUS OID 17 Nótaícomhairle sonracha a chur ar fáil agus leanúint ar aghaidh ag forbairt ról comhairleach/oideachais na Comhairle maidir le cúrsaí oidhreacht agus feasacht, tuiscint agus meas ar oidhreacht ailtireachta an Chontae a chur chun cinn.

8.7.2 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Is é atá i Limistéar Caomhantais Ailtireachta (LCA) ná áit, ceantar nó grúpa struchtúr nó bailedhreach, lena ngabhann spéis speisialta ailtireachta, sheandálaíoch, ealaíonta, chultúrtha, eolaíoch, shóisialta nó theicniúil.⁴ Féadfaidh siad limistéir a chuimsiú a chuireann leis an meas ar Struchtúir Chosanta.

Is féidir le LCA a bheith déanta suas, mar shampla, de shraith tithe, shráid, lár baile nó cnuasach struchtúr atá gaolmhar le foirgneamh sonracha mar mhuilleann nó teach tuaithe. Cé go bhféadfadh nach mbeadh fiúntas speisialta ag gabháil leis na foirgnimh aonair, is tábhachtach iad a gcomhthéacs agus a n-idirghaol agus an ról atá ag gach ceann acu i gcarachtar an limistéir. Mura bhfuil struchtúr san áireamh freisin i dTaifead na Struchtúr Cosanta, ní bhaineann an stádas cosanta atá tugtha mar thoradh ar bheith san áireamh i LCA, ach leis na taobhanna amuigh agus an tsráid-dreach.

Is féidir le hathruithe píosa ar píosa ar struchtúir aonair nach bhfuil cosanta dul i bhfeidhm go mór, ar bhealach carnach, ar shráid-dreach. Tá cead pleanála ina cheangal d'aon oibreacha a mbeadh éifeacht ábhartha acu ar charachtar speisialta LCA.

⁴ Alt 81 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Tá na limistéir seo a leanas ainmnithe mar LCAnna:

Diméin Ard Breacáin	Croílár Stairiúil na hUaimhe
Baile Átha Buí	Diméin an tSeandroichid
Dún Búinne	An Seanchaisleán
Diméin Chaisleán Dún Samhnaí	Baile Shláine
Diméin Lios na gCeann	Diméin Chaisleán Bhaile Shláine
Baile Iúiliáin	Coimpléasc Mhuileann Bhaile Shláine
Croílár Stairiúil Cheannais	Diméin Somerville
Ceanannas – Plás Lios na gCeann	Diméin Stigh Colláin
Cill Mheasáin	Cnoc an tSamhraidh
An Inse – Ardán an Neadraibhíolaigh agus Victoria	Croílár Stairiúil Bhaile Átha Troim
Maigh Dearmhaí	Porch Fields Bhaile Átha Troim
Maigh na nEalta	

Tá teorainneacha na limistéar sin sainithe ar Léarscáil 8.2 - Limistéir Caomhantais Ailtireachta agus ar Thairsceach Léarscáileanna Chomhairle Contae na Mí. Ullmhaíodh ráitis charachtair le haghaidh LCAnna chun tograí athfhorbartha breise a threorú. Tá siad sin le fáil inAguisín Uimh. 7. Tá sé beartaithe go n-ullmhófar ráiteis faoi charachtar le haghaidh Dhiméin Ard Breacáin, Caisleán Dhún Samhnaí, Diméin an tSeandroichid, Diméin Chaisleán Bhaile Shláine agus Diméin Stigh Colláin le linn shaolré an Phlean.

Is é Beartas na Comhairle:

BEA OID 19	Carachtar Limistéir Caomhantais Ailtireachta sa Mhí a chosaint.
BEA OID 20	É a dhéanamh ina cheangal go mbeadh gach beartas forbartha laistigh de LCA nó le taobh LCA báúil le carachtar an limistéir, go mbeadh an dearadh cuí i dtaobh airde, scála, dlús ceapaigh, leagan amach, ábhair agus críochanna agus go mbeadh sí suite agus deartha go cuí i dtaobh na comhairle atá tugtha sna Ráitis faoi Charachtar le haghaidh gach limistéir, áit a bhfuil siad ar fáil.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 19	Áiteanna lena ngabhann carachtar speisialta a aithint, d'fhonn iad a ainmniú mar Limistéir Caomhantais Ailtireachta agus LCAnna reatha a leasú, áit is gá.
BEA OID 20	Ráitis sonracha faoi charachtar a ullmhú agus a athbhreithniú, áit is gá chomh maith le treoir phleanála do gach LCA.

BEA OID 21	Leagan struchtúr agus baint gnéithe agus troscáin sráide a sheachaint a chuireann le carachtar LCA. Beidh sé ina cheangal ag an gComhairle maidir le haon iarratas ar leagan nó athrú laistigh de LCA go mbeadh suirbhé tomhaiste agus grianghrafadóireachta, tuairisc faoi riocht agus measúnacht ar oidhreacht ailtireachta in éineacht leis.
------------	---

8.7.3 Stoc Foirgneamh Stairiúil agus Ailtireacht Dhúchasach

Tá foirgnimh stairiúla mar chúlra don chuid is mó de na bailte, na sráidbhailte agus na limistéir tuaithe sa Chontae. Cé go bhféadfadh gur úsáideadh ailtirí agus cuid acu á ndearadh, tá an chuid is mó acu ar an nós dúchasach – na tithe agus na háiteanna oibre a thóg muintir na háite agus ábhair áitiúla á n-úsáid acu. Is gnách nach mbíonn na foirgnimh speisialta go leor le go n-ainmneofaí mar Struchtúir Chosanta iad, ach cuireann difríochtaí beaga idir ábhair, leaganacha amach agus foirmeacha le sainiúlacht áitiúil agus le carachtar an limistéir.

Tá beartais eile a bhaineann le tithe tuaithe traidisiúnta agus dúchasacha le fáil i gCaibidil 9 Straitéis Forbartha Tuaithe.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 21	Coimeád, cothabháil bháúil agus athúsáid inbhuanaithe foirgneamh stairiúil a mholadh, lena n-áirítear teaghaisí dúchasacha nó foirgnimh fheirme chomh maith le coimeád carachtar, ábhar, sonraí agus gnéithe an tsráid-dreacha stairiúil.
BEA OID 22	Féachaint chuig méideanna ceapach stairiúil atá ann fós a choimeád in éineacht le pátrúin sráide i sráidbhailte agus i mbailte na Mí, agus teorainneacha nó leaganacha amach ársa mar cheapacha burgáiste agus teorainneacha sráidbhaile, a chuimsiú in athfhorbairtí.
BEA OID 23	Coimeád agus athchóiriú teaghaisí ceann tuí mar ghné lárnach d'oidhreacht thógtha an Chontae.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

BEA OID 21	Déanamh cinnte go ndéanfaí athchóiriú nó méadú foirgneamh atá ann cheana a dhearadh go híogair agus nach mbainfidís ó carachtar an fhoirgnimh stairiúil.
BEA OID 22	Nuashonrú a dhéanamh ar an suirbhé ar struchtúir ceann tuí atá ann fós sa Chontae agus na scéimeanna atá ar fáil chun cabhrú le húnéirí lena gcoimeád agus lena ndeisiú a chur chun cinn.
BEA OID 23	Suirbhé a dhéanamh ar theaghaisí an Choimisiún Talún le linn shaolré an Phlean Forbartha, chun a ról i stoc foirgnimh an Chontae a aithint, mar is cuí.

8.7.4 Oidhreacht Thionsclaíoch

Cuimsíonn an oidhreacht thionsclaíoch go príomha struchtúir a bhaineann le déantúsaíocht, le hiompar, le cumarsáid, fónais phoiblí agus eastóscadh ábhar. I measc samplaí tá canálacha, struchtúir iarnróid, muilinn, trádstórais, tithe solais, áitheanna aoil agus clocha muilinn. Rinneadh suirbhé deisce ar oidhreacht tionscail an Chontae i 2008⁵.

Is é beartas na Comhairle:

CUS OID 24	Athrú úsáide agus athúsáid struchtúir oidhreachta tionscail a mholadh ar choinníoll nach mbíonn tionchar tromchúiseach ag an athrú sin ar charachtar nádúrtha an struchtúir agus go ndéantar na hoibreacha go léir i gcomhréir leis an dea-chleachtas caomhantais, faoi réir cloí leis na gnáthchritéir phleanála.
BEA OID 25	Oidhreacht thógtha agus nádúrtha na Canálach Ríoga agus Boyne Navigation agus na struchtúir gaolmhar a chosaint agus a fheabhsú, agus déanamh cinnte an oiread agus is féidir go praiticiúil, go ndearfaí go híogair forbairt a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar na struchtúir sin, maidir lena gcarachtar agus a suíomh. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar Láithreáin Eorpacha, forbrófar suíomhanna agus/nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na déanmhais cosanta tuilte ar shláine Láithreán Eorpach, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Ag breathnú ar an suíomh ginearálta a bheidh ag na huasghrádaithe sin, agus an fhaisnéis agus measúnacht eiceolaíoch nach mó tabhairt faoi chun bonn eolais a chur faoina ndearadh, luíonn sé le réasún a mheas, ag céim an deartha shonraigh, go ndéanfaidh, agus go ndéanfaidh, aon riosca go ndéanfaidh tionscadal díobháil do Láithreán Eorpach a réireach trí shuíomhanna agus dearthaí malartach a fhiosrú. Más amhlaidh, d'ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go mbeadh riosca ann i gcónaí go ndéanfaidh na tograí díobháil do shláine na Láithreán Eorpach, ní rachaidh an tionscadal ar aghaidh mura gcuirfí i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnódh/laghdódh an tionchar ionas nach gcuirfí isteach ar shláine an Láithreán Eorpaigh/na Láithreán Eorpach níos mó.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 25	Measúnacht ailtireachta / seandálaíochta a dhéanamh ina ceangal, mar is cuí, agus tagairt inti do Shuirbhé Oidhreachta Tionscail na Mí agus d'fhoinsí ábhartha eile, le haghaidh gach forbartha beartaithe ar struchtúir nó láithreáin oidhreachta tionscail.
------------	---

⁵ <https://www.meath.ie/council/council-services/heritage-architectural-conservation/heritage/heritage-projects-and-grants/projects/meath-industrial-heritage-survey>

BEA OID 26 Céim 2 den Suirbhé Oidhreacht Tionscail a chur i gcrích a chuimseoidh suirbhé allamuigh agus measúnacht ar struchtúir agus láithreáin atá ann fós agus ina measfar an cuí iad a mholadh le cur le Taifead na Struchtúr Cosanta

8.7.5 Tírdhreacha, Gairdíní agus Diméiní Deartha

Cuimsíonn tírdhreacha stairiúla deartha gairdíní príobháideacha, páirceanna poiblí agus na gairdíní agus na tírdhreacha a bhaineann le diméiní theach tuaithe. Sa Chontae, faightear na tírdhreacha den chuid is mó i dtailte diméine nó eastáit agus is minic go mbíonn siad mar shuíomh do struchtúir chosanta.

Rinne Fardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta (FNOA) suirbhé deisce ar Ghairdíní agus Dhiméiní Stairiúla in Éirinn, ar cuireadh tús leis i 2003 agus inar aithníodh thart ar 300 láithreán den sórt sin sa Chontae. Is féidir an suirbhé sin a fheiceáil ar a láithreán gréasáin www.buildingofireland.ie.

Is é beartas na Comhairle:

CUS OID 26 Cosaint agus feabhsú gairdíní oidhreacht agus tírdhreacha diméine a mholadh, agus chun tacú, i gcomhairle leis na húinéirí, le soláthar na rochtana poiblí ar na láithreáin sin mar is cuí.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 27 Cur in aghaidh forbartha a mbeadh drochéifeacht aici ar charachtar, phríomhghnéithe nó ar shuíomh páirceanna, gairdíní agus diméiní stairiúla a bhfuil tábhacht ag baint leo maidir leis an oidhreacht.

CUS OID 28 É a dhéanamh ina cheangal go n-áireodh tograí um forbairt i dtírdhreacha agus i ndiméiní ainmnithe measúnú ar an tírdhreach, radhairc deartha, lena n-áirítear suirbhé ar chrainn, áit is ábhartha, chun bonn eolais a chur faoi thograí deartha atá oiriúnach don láithreán.

8.8 Oidhreacht Nádúrtha

8.8.1 Réamhrá

Tá tábhacht ag baint le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht nádúrtha an Chontae ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áirítear leis geolaíocht agus tá sí ina gné lárnach de thírdhreach an Chontae. Tá cosaint agus feabhsú ár mbithéagsúlachta agus tírdhreach ríthábhachtach do shláinte, leas agus cháilíocht bheatha ár bpobal agus cabhraíonn sé leis an tsochaí dul in oiriúint do dhúshláin an athrú aeráide.

8.8.2 Comhthéacs Reachtúil

8.8.2.1 Treoracha an AE maidir le hÉin agus Gnáthóga

Le Treoir 92/43/CEE ar Chaomhnú Gnáthóg agus Fána agus Flóra Fhiáin, ar a dtugtar go coitianta an Treoir i leith Gnáthóg, cuirtear cosaint dhlíthiúil ar fáil do ghnáthóga agus speicis a bhfuil tábhacht ag baint leo san Eoraip. Cuireann Airteagal 3 go 9 an modh reachtach ar fáil chun gnáthóga agus speicis a chosaint a bhfuil leas an Chomhphobail ag baint leo trí líonra láithreán ar fud an AE a bhunú ar a dtugtar an líonra Natura 2000. Cuimsíonn an líonra Natura 2000 Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) a ainmníodh faoin Treoir um Ghnáthóg agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LChS) a ainmníodh faoin Treoir maidir le hÉin Fhiáine a Chaomhnú (79/409/CEE).

In Airteagal 6(3) agus 6(4) den Treoir i leith Gnáthóg leagtar amach na trialacha cinnteoireachta um pleananna agus thionscadail ar dóchúil go mbeadh éifeacht acu ar láithreáin Natura 2000. Bunaítear an ceanglas um Measúnacht Chúí (MC) le hAirteagal 6(3). Cuirtear an ceanglas sin i bhfeidhm i bPobacht na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (IR 477/2011), mar atá leasaithe, agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar atá leasaithe. D'fhoilsigh an Rialtas *Measúnacht Chúí ar Phleananna agus Thionscadail in Éirinn – Treoir d'Údaráis Phleanála* i mí na Nollag 2009 (athbhreithnithe i bhFeabhra 2010).

8.8.2.2 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú

Ní mór go gcuimseodh Pleananna Forbartha cuspóirí éigeantacha um chaomhnú na hoidhreachta nádúrtha agus um chaomhnú aon láithreán Eorpach agus aon láithreach eile a d'fhéadfadh a bheith forordaithe.

8.8.2.3 An tAcht um Fhiadhúlra 1976, mar atá leasaithe

Is é an tAcht um Fhiadhúlra 1976, mar atá leasaithe an phríomhreachtaíocht náisiúnta ina fhoráiltear do chosaint an fhiadhúlra agus do rialú roinnt gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh go mbeadh drochéifeacht acu ar an bhfiadhúlra.

8.8.2.4 An tOrdú (um Chosaint) Flóra, 2015

Leagtar amach an liosta reatha de speicis phlanda atá cosanta le hAlt 21 den Acht um Fhiadhúlra, 1976, mar atá leasaithe.

8.8.3 Comhthéacs Beartais

8.8.3.1 An Coinbhinsiún ar Bithéagsúlacht (1992)

Shínigh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Bithéagsúlacht (CBÉ) Dearbhú Cancun (CBÉ, 2016), ina dhírítear ar an ngá do rialtais ar na leibhéil náisiúnta, fhonáisiúnta agus áitiúla caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta do leas an duine a phríomhshruthú. Ceanglaítear ar gach páirtí sa Choinbhinsiún straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta don bithéagsúlacht a ullmhú.

8.8.3.2 Plean(anna) Náisiúnta Bithéagsúlachta

Foilsíodh céad Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta na hÉireann i 2002. Foilsíodh an dara Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta – *Gníomhartha don Bithéagsúlacht 2011-2016* i mí na Samhna 2011.

Forbraíodh an Plean ar aon dul le straitéisí agus beartais AE agus Idirnáisiúnta don Bithéagsúlacht. Aithníodh ann go bhfuil gníomhaíocht faoi stiúir áitiúil ríthábhachtach chun seirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais a chosaint agus leagadh amach na bearta ar cheart d'Éirinn a ghlacadh chun a chaomhnú a chinntiú. D'fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an tríú *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta don Bithéagsúlacht 2017-2021* i mí Dheireadh Fómhair 2017.

8.8.3.3 Plean(anna) Gníomhaíochta Áitiúla don Bithéagsúlacht

Ghlac an Chomhairle lena céad Phlean Gníomhaíochta Áitiúil don Bithéagsúlacht i mí Aibreáin 2010 i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta. Glacadh le dara *Plean Gníomhaíochta Áitiúil Chontae na Mí don Bithéagsúlacht 2015-2020* i mí Aibreáin 2015. Leis an bPlean cuirtear creat ar fáil um chaomhnú na bithéagsúlachta agus na hoidhreachta nádúrtha ar leibhéal áitiúil.

8.9 Bithéagsúlacht

Is é atá sa bithéagsúlacht ná éagsúlacht na beatha ar an Domhan – gach planda agus ainmhí (daoine san áireamh), fungais, algaí agus miocroorgánaigh, an ghnáthóg ina bhfuil cónaí orthu agus a n-éagsúlacht ghéiniteach. Tá an bithéagsúlacht tábhachtach mar go mbraitheann gach ní beo ar an mbithéagsúlacht le teacht slán agus go mbraitheann daoine, ach go háirithe, uirthi le haghaidh bia, aeir ghlain, agus uisce, éadaí agus ábhair tógála, agus le haghaidh leigheasanna agus áiteanna lena scíth a ligean agus ceangal a dhéanamh leis an dúlra arís. Tá ár mbithéagsúlacht mar thaca d'earnálacha tábhachtacha an gheilleagair mar thalmhaíocht agus thurasóireacht agus soláthraíonn sí go leor tairbhí nó seirbhísí éiceachórais eile saor in aisce, ar féidir a ghrúpáil i gceithre phríomhchatagóir:

- **Seirbhísí soláthair** (táirgeadh bia agus uisce, etc.)
- **Seirbhísí rialaithe** (e.g. rialú na haeráide agus an ghalair)
- **Seirbhísí tacaíochta** (e.g. timthriall cothaitheach agus pailniú barr)
- **Seirbhísí cultúrtha** (mar thairbhí spioradálta agus caithimh aimsire)

Tá cosaint agus úsáid chríonna acmhainní nádúrtha an chontae ríthábhachtach chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Tá luach na bithéagsúlachta do gheilleagar na hÉireann ríofa ag €2.6 billiún in aghaidh na bliana ar a laghad (IEN, 2012).

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 27	Bithéagsúlacht an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú.
BEA OID 28	Cosaint agus feabhsú na bithéagsúlachta agus na ngnéithe tírdhreacha a chomhtháthú i bpróiseas na bainistíochta forbartha áit is féidir, trí dhrochthionchair ar ghnáthóga nádúrtha (cibé acu go bhfuil nó nach bhfuil siad ainmnithe) a íoslaghdú, agus trí bhearta maolaithe agus/nó cúitimh a chur san áireamh áit is cuí.
BEA OID 29	Feasacht agus tuiscint an phobail ar oidhrecht agus bithéagsúlacht nádúrtha an Chontae a mhúscailt.
BEA OID 30	Níos mó rannpháirtíochta ag an bpobal i gcaomhnú na bithéagsúlachta a chur chun cinn trí thacú le tionscnaimh faoi stiúir an phobail agus iad a mholadh.

BEA OID 31 Déanamh cinnte go ndéanfaí measúnacht chuí ar thionchar éiceolaíoch gach togra forbartha ar ghnáthóga agus speicis ag gairmí (nó gairmithe) atá cáilithe go hoiriúnach i gcomhréir leis na treoirlínte dea-chleachtas – e.g. Measúnacht ar Thionchar Éiceolaíoch (MTÉ), Ráiteas Scagtha um Measúnacht Chuí, Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), suirbhéanna ar speicis etc a ullmhú. (de réir mar is cuí).

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 29 I gcomhpháirtíocht leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le páirtithe leasmhara ábhartha agus leis an bpobal, cuspóirí agus gníomhartha *Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann don Bhithéagsúlacht 2017 - 2021* a chur i bhfeidhm a bhaineann le sainchúram agus le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Mí.

CUS OID 30 I gcomhpháirt leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le páirtithe leasmhara ábhartha agus leis an bpobal, cuspóirí agus gníomhartha *Phlean Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2015-2020* agus aon athbhreithnithe air sin, a chur i bhfeidhm.

BEA OID 31 Tacaíocht ghníomhach a thabhairt do chur i bhfeidhm an *Phlean Pailneora Uile-Éireann 2015-2020*.

8.9.1 An Bhithéagsúlacht a Chosaint sa Mhí – Láithreáin atá Ainmnithe um Chaomhnú an Dúlra

Tá roinnt láithreán sa Chontae lena ngabhann tábhacht áitiúil agus náisiúnta agus atá ainmnithe um chaomhnú an dúlra.

Láithreáin Natura 2000 I dTreoir an AE um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus Treoir an AE maidir le hÉin (2009/147/CE), foráiltear do chaomhnú agus cosaint láithreán lárnach um pórú agus scíth le haghaidh speiceas tearc agus faoi bhagairt, agus cineálacha tearca gnáthóige i gcomhthéacs Eorpach, a mheastar gurb iad is mó a bhfuil gá acu le caomhnú. Tá na láithreáin sin mar chuid de líonra AE de láithreáin atá tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta agus atá cosanta ar a dtugtar an láithreán Natura 2000 agus cuimsíonn siad:

- **Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna)** – roghnaítear na láithreáin sin um chaomhnú agus chosaint speicis phlanda agus ainmhí (seachas éin) agus gnáthóg atá liostaithe in Aguisín I agus Aguisín II de Threoir an AE maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) faoi seach.
- **Limistéir faoi Chosaint Speisialta** – roghnaítear na láithreáin sin um chaomhnú agus chosaint éan agus a gcuid gnáthóg atá ainmnithe faoi Threoir an AE maidir le hÉin 2009 (2009/147/CE) (ar glacadh leis ar dtús i 1979) agus a rinneadh a thrasú i ndlí na hÉireann leis na Rialacháin maidir le Caomhnú Éan Fiáin (IR 291 de 1985).

An príomhaidhm atá ag an Treoir um Ghnáthóga, a glacadh i 1992, ná stádas fabhrach caomhantais a choimeád nó a athbhunú do ghnáthóga agus speicis a mheastar go bhfuil siad tearc, i mbaol nó i mbaol a ndíothaithe san AE. Rinneadh an Treoir maidir le Gnáthóga a thrasú i ndlí na hÉireann trí Eorpaigh *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gnáthóga Nádúrtha) 1997*, a leasaíodh faoi dhó i 1998

agus 2005. Rinneadh Rialacháin 1997 agus a gcuid leasuithe a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú ina dhiaidh sin i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (*Éin agus Gnáthóga Náidúrtha*), 2011.

Tá 13 láithreán Natura 2000 sa Chontae. Déanann an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, láithreáin le hainmniú a aithint, a mheas agus a mholadh. Féadfaidh teorainneacha limistéar cosanta a athrú agus/nó féadfar láithreáin nua a mholadh le hainmniú le linn shaolré an Phlean seo. Tá eolas suas le dáta faoi teorainneacha, agus sonraí faoi láithreáin ainmnithe ar fáil ar láithreán gréasáin an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra. (www.npws.ie).

Tábla 8.1 Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta i gContae na Mí

Ainm an Láithreáin	Cód Láithreáin
Portach Mount Hevey	002342

Tábla 8.2 Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta i gContae na Mí

Ainm an Láithreáin	Cód Láithreáin
Portach Killyconny (Cloghbally)	000006
Gleann na Rí/An Cartún	001398
An Loch Bán, Lochanna na Binne agus Na Locha Dubha	001810
Cósta agus Inbhear na Bóinne	001957
An Loch Bán agus An Loch Glass	002120
An Bhóinn agus an Abhainn Dhubh	002299
Portaigh Moneybeg agus Clareisland	002340
Portach na Greallaí (Baile Driú)	002203

Tábla 8.3 Limistéir faoi Chosaint Speisialta i gContae na Mí

Ainm an Láithreáin	Cód Láithreáin
Loch Síleann	004065
Inbhear na Bóinne	004080
Inbhear agus Cladach an Abhainn Nanny	004158
An Bhóinn agus an Abhainn Dhubh	004232

Ceanglaítear ar Údarás Phleanála a chinntiú go dtógfaí faoi Mheasúnacht Chuí (Scagadh MC agus MC, i gcás inarb iomchuí) ar impléachtaí na dtograí ar láithreáin (Natura 2000). Tá an mheasúnacht sin ina cheangal do gach iarratas pleanála le cinneadh ar dóchúil go mbeidh éifeachtaí móra ag an togra ar láithreán Natura 2000 trí phróiseas scagtha. Baineann Scagadh do Mheasúnacht Chuí le gach togra forbartha, laistigh nó lasmuigh de Natura 2000. Más dóchúil go mbeidh tionchair shuntasacha, nó má bhíonn éiginnteacht ann faoin tionchar, ní mór tabhairt faoi MC le cinneadh an mbeidh tionchar suntasach ag an togra ar shláinte aon láithreán Nature 2000. (Iarrtar ort féachaint ar Tháblaí 8.1, 8.2, 8.3 agus Léarscáil 8.3).

8.9.2 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha

Ainmnítear Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONanna) agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha molta (LONmanna) faoin Acht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000 agus cuimsíonn siad gnáthóga, foirmeacha talún agus gnéithe geomoirfeolaíoch leathnádúrtha agus nádúrtha a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo.

8.9.3 Anaclann Dúlra Reachtuil

I mí Eanáir 2019 d'fhoilsigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta fógra faoi dhéanamh lonstraime Reachtúla (I.R. Uimh. 602 de 2018) faoi alt 16 den Acht um Fhiadhúlra the first Nature Reserve in County Meath at Newcastle Lough. Is í an chúis go n-aithnítear an talamh mar anaclann dúlra ná láithreachghnáthóga locha, giolcarnaí, féaraigh fhliuch agus coillearnaigh agus an éagsúlacht flóra agus fána a ghabhann leo. Is é an cuspóir atá i gceist agus an talamh á úsáid nó á bainistiú mar anaclann dúlra ná éagsúlacht na ngnáthóg agus na speiceas ar an talamh a choimeád.

Tábla 8.4 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha i gContae na Mí

Ainm an Láithreáin	Cód Láithreáin
Portach Bhaile Shéamais	001324
Portach na Greallaí	001580
Portach Mhaolchnoc	001582

Tábla 8.5 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha Mholta i gContae na Mí

Ainm an Láithreáin	Cód Láithreáin
Loch Bhéal Átha Hó	001594
Eanach Bhaile na Bearna	001573
Coillte Balrath	001579
Cósta agus Inbhear na Bóinne	001957
Oileáin na Bóinne	001862
Coillte na Bóinne	001592
Lochanna Bhréachmhaí	001558

Lochanna Bhaile an Chorraigh	000552
Riasc Chnóbha Bán	000553
Eanach Sceach Chromail	001576
Bogach Dhubadh	001861
Portach Bhaile Dúlaoich	001577
Portach Dhamhliag	001578
Portach Kilconny (Cloghbally)	000006
Dumhcha na hInse/ Inbhear Nanny	000554
Loch Naneagh	001814
Loch Síleann	000987
Loch Shesk	000556
Loch Mentrim	001587
Portach Mount Hevey	001584
Eiscir Rathmoylan	000557
Bruach Ros na Rí	001589
An Chanáil Ríoga	002103
Gleann na Rí / Cartún	001398
Bruach na Sláine	001591
Portach Bhaile Thomáis	001593
Bogach Bhaile Átha Troim	001357
An Loch Bán, Lochanna na Binne agus Na Locha Dubha	001810

Tábla 8.6 Anaclanna Dúlra Reachtúla i gContae na Mí

Ainm an Láithreáin	Cód Láithreáin
Loch an Chaisleáin Nua ⁶	A

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 32 Gan forbairt a cheadú ar nó in aice le Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta, Limistéir faoi Chosaint Speisialta, nó na limistéir siúd a bhfuil sé beartaithe iad a ainmniú le linn thréimhse an Phlean, ach i gcás go mbeadh leibhéal cuí measúnachta déanta chun sásamh an Údaráis Phleanála, i gcomhairle le Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, agus gur féidir a léiriú nach mbeidh aon drochéifeacht mhór aige ar shláine an láithreáin.

⁶ Anaclann Dúlra (Loch an Chaisleáin Nua)

BEA OID 33	Aird a thabhairt ar dhearcaí agus threoir an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra i dtaobh forbartha beartaithe áit gur féidir go mbeadh tionchar ag an bhforbairt sin ar láithreán Eorpach nó Náisiúnta ainmnithe nó ar láithreán atá molta don ainmniú sin.
BEA OID 34	Tabhairt faoi shuirbhéanna cuí agus sonraí a bhailiú chun bonn fianaise a chur ar fáil chun cabhrú leis an gComhairle a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 6 de na Treoracha um Ghnáthóga (92/43/CEE) mar atá trashuite i nDlí na hÉireann, faoi réir na hacmhainní a bheith ar fáil.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 31	Déanamh cinnte go ndéantar Measúnacht Chúí i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 6(4) de na Treoracha maidir le Gnáthóga (92/43/EEC) agus i gcomhréir leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil <i>Measúnacht Chúí ar Phleananna agus Thionscadail in Éirinn – Treoir d'Údarás Phleanála, 2009</i> agus cáipéisí treorach ábhartha ón GCC i dtaobh aon phlean nó tionscadail nach bhfuil baint dhíreach aige le nó nach bhfuil riachtanach do bhainistíocht an láithreáin ach ar dóchúil go mbeidh éifeacht mhór aige ar láithreá(i)n Natura 2000, ina aonar nó i dteannta le pleananna nó tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais an láithreáin.
BEA OID 32	Luach caomhantais Limistéar faoi Chaomhantas Speisialta, Limistéar faoi Chosaint Speisialta molta a chosaint, mar atá aitheanta ag an Aire don Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus aon láithreáin eile a d'fhéadfadh a bheith molta d'ainmniú le linn shaolré an Phlean seo i gcomhréir le forálacha na dTreoracha um Ghnáthóga agus Éin agus gan forbairt a mbeadh éifeacht aici orthu siúd a cheadú ach i gcomhréir le forálacha na dTreoracha sin mar atá trashuite i nDlí na hÉireann.

8.9.4 Bithéagsúlacht a Chosaint sa Mhí - Láithreáin Neamhainmnithe

Tá go leor láithreán ar fud an Chontae ina bhfuil raon de speicis phlanda agus ainmní nó a gcuid gnáthóg (lena n-áirítear Gnáthóga Aguisín I, Éin Aguisín I, speicis Aguisín II agus IV, Flóra (Orduithe Cosanta etc.) nach bhfuil ainmnithe do chaomhnú an dúlra ach a bhfuil a luach éiceolaíoch, d'ainneoin sin, an-tábhachtach sa chontae.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 35	Cosaint agus caomhnú limistéar, láithreán, speiceas agus líonraí éiceolaíocha/lena ngabhann luach bithéagsúlachta lasmuigh de láithreáin ainmnithe, a chinntiú áit is cuí agus é a dhéanamh ina cheangal go ndéanfaí leibhéal cuí measúnachta eiceolaíche ag gairmí (gairmithe) atá cáilithe go cuí chun dul in éineacht le tograí forbartha ar dóchúil go mbeidh tionchar acu ar na limistéir nó na speicis sin.
------------	---

8.9.5 Speicis faoi Chosaint

Tá speicis áirithe planda, ainmhí agus éin cosanta ag an dlí. Áirítear leo siúd speicis phlanda atá liostaithe san Ordú um Chosaint Flóra, 1999 (nó Orduithe eile dá leithéid) agus ainmhithe agus éin ata liostaithe san Acht um Fhiadhúlra, 1976 agus in ionstraimí reachtúla a tháinig ina dhiaidh, iad siúd atá liostaithe in Aguisín IV den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/EEC), agus iad siúd atá liostaithe in Aguisín I den Treoir maidir le hÉin. I gcás tograí d'fhorbairtí, áit is cuí beidh sé ina cheangal go ndéanfaí measúnacht ar láithreach ialtóg agus/nó speiceas cosanta eile agus go ndéanfaí cinnte go gcuirfí bearta oiriúnacha um sheachaint/maolú i bhfeidhm dá réir sin.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 36 Dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fíadhúlra agus a ndearcaí a thógáil san áireamh chomh maith le haon cheanglais cheadúnaithe nuair atáthar ag tabhairt faoi fhorbairt ar dochúil go mbeidh éifeacht aige ar speicis phlanda, ainmhí nó éin atá cosanta ag an dlí.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

BEA OID 34 Déanamh cinnte nach mbíonn drochéifeacht shuntasach ag forbairt, nach féidir a sheachaint nó a mhaolú go sásúil, ar speicis phlanda, ainmhí nó éin atá cosanta ag an dlí.

8.9.6 Coillearnacha, Fálta Sceach agus Crainn

Cé go bhfuil an Contae ar cheann de na contaetha is lú a bhfuil coillte ann, tá ról dearfach ag a chuid coillearnach, fálta sceach agus crann aonair i mbithéagsúlacht agus i gcarachtar tírdhreacha. (Féach ar Chaibidil 9 O.C.C. agus Léarscáileanna na gCrann Suntasach 9.3 agus 9.3.1 agus Caibidil 9, Caomhnú Crann, maidir leis sin).

Is gnách go mbíonn coillearnacha beag agus scartha go mór den chuid is mó agus is minice a fhaightear iad in aice le haibhneacha, go háirithe ar straicí íochtair na Bóinne. Is é an cineál gnáthóg dhúchasach coillearnaí is flúirse sa Chontae ná coillearnach Darach-Fuinseoige-(WN2) rud a léiríonn na hithreacha a fhaightear ó aoilchloch. Fearainn pháirce a bhaineann le diméiní stairiúla atá i gcion mór de choillearnacha an Chontae.

Is iad na fálta sceach an tréith is sainiúla de thírdhreach an Chontae, b'fhéidir agus cuireann siad gnáthóg thábhachtach ar fáil do go leor speiceas agus gníomhaíonn siad mar dhromchla fíadhúlra i dtírdhreach ina bhfuil réimsí móra de dhiantalmháocht ina ngné shuntasach. Faoin Acht um Fíadhúlra (Leasú) Act, 2000 tá cosc ar bharradh fálta (agus fásra neamshaothraithe) le linn shéasúr neadaithe na n-éan (1 Márta go 1 Meán Fómhair) ach amháin ar chúinsí áirithe atá sainithe ag an dlí.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 37 Coimeád fálta sceach agus cóireálacha teorann sainiúla eile a mholadh i gceantair tuaithe, agus cailliúint agus scaradh a chosc, áit is féidir go praiticiúil. Áit nach féidir baint fhál sceach, bhalla cloiche nó cóireáil teorann shainiúil eile a sheachaint, beidh maolú ina cheangal, trí mheán an cineál céanna teorann a chur ar fáil.

BEA OID 38	Cur speicis dhúchasacha d'fhál sceach a chur chun cinn agus a mholadh i bhforbairtí nua agus mar chuid d'oibreacha tírdhreachaithe na Comhairle féin.
BEA OID 39	Tábhacht sheandálaíoch na dteorainneacha bhaile fearainn, lena n-áirítear fáлта sceach, a aithint, agus a gcosaint agus a gcoimeád a chur chun cinn.
BEA OID 40	Coillearnacha, grúpaí crainn agus crainn aonair dhúchasacha agus leathnádúrtha a chosaint agus a mbainistíocht éifeachtach a mholadh agus coimeád crann aibí agus úsáid crannliachta a mholadh seachas leagan crann, áit is féidir nuair atáthar ag tabhairt faoi fhorbairt, á faomhadh nó á húdarú.
BEA OID 41	Crainn a chosaint atá faoi réir Orduithe um Chaomhnú Crann (féach Léarscáil 9.3) in éineacht le Crainn Churaidh agus Oidhreachta atá aitheanta ar Chlár Crann na hÉireann agus i mBunachar na gCrann Oidhreachta (féach Léarscáil 9.3.1.) nuair atáthar ag tabhairt faoi fhorbairt, á faomhadh, nó á húdarú.
HER POL 42	Caomhnú crann aonair nó grúpaí crann mar a aithnítear iad ar na Léarscáileanna Oidhreachta in Imleabhar 2 a chur chun cinn agus na crainn sin a bhainistiú i gcomhréir le dea-chleachtas crannadóireachta

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 35	Feasacht, tuiscint agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bainistíocht acmhainn coillearnach, crann agus fhálta sceach na Comhairle.
BEA OID 36	Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha chun Coill Balrath a fhorbairt agus a fheabhsú agus deiseanna a iniúchadh chun láithreáin bhreise a fhorbairt faoi Scéim na gCoillte Comharsan.
BEA OID 37	Athbhreithniú a dhéanamh ar an Suirbhé ar Chrainn, Choillearnacha agus Fhálta Sceach na Mí (2011), le linn shaolré an Phlean Forbartha, de réir mar is cuí.

8.10 Speicis Ionracha

Is bagairt mhór iad speicis ionracha phlanda agus ainmhí ar speicis neamhdhúchasacha iad (www.invasivespeciesireland.com) agus tá toirmisc i bhfeidhm maidir le speicis ionracha áirithe a thabhairt isteach nó a scaipeadh mar atá leagtha amach sa Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga 2011 (I.R 477/2011)) agus mar atá leagtha amach i Rialacháin an AE 1143/2014 maidir le Tabhairt Isteach agus Leathadh Speiceas Coimhthíoch Ionrach a Chosc agus a Bhainistiú.

Is féidir le speicis choimhthíocha ionraíoch tionchar diúltach a imirt ar speicis dhúchasacha, gnáthóga a bhunathrú agus bagairt ar éiceachóras iomlána, rud a chruthaíonn fadhbanna tromchúiseacha don timpeallacht agus don gheilleagar. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh siad siúd bagairt ar shábháilteacht an duine. D'fhéadfadh speicis ionracha leathadh le linn oibreacha tochailte agus tógála agus d'fhéadfadh go dtabharfaí isteach sa timpeallacht iad trí leathadh ó ghairdíní príobháideacha, úsáideoirí báid, gairneoireacht etc. e.g. Glúineach Bhiorach agus Balsam Himíleach.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 43	Dea-chleachtas maidir le speicis ionracha a rialú a chur chun cinn agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh i gcomhar leis na húdaráis ábhartha, lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
BEA OID 44	A éileamh go pléifí i ngach togra forbartha le speicis choimhthíocha ionracha a bheith ann nó gan a bheith ann ar láithreáin bheartaithe forbartha agus a éileamh ar iarratasóirí <i>Plean Bainistíochta Speiceas Ionracha</i> a ullmhú agus a chur isteach i gcás gurb ann do speiceas den chineal sin chun forálacha <i>Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011-2015</i> a chomhlíonadh (más gá).

8.11 Tailte Portaigh

Léiríonn an Contae teorainn thoir na bportach ardaithe in Éirinn agus aithníonn an Chomhairle gur féidir limistéir chosanta a úsáid le haghaidh cuspóirí turasóra, áise, oideachais agus taighde. Déanfaidh an Chomhairle idirchaidreamh leis na heagraíochtaí éagsúla rialtais agus neamhrialtais atá rannpháirteach in iarracht chun caomhnú na limistéar thailte portaigh a bhaint amach.

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 45	A chinntiú go gcaomhnaítear limistéir phortaigh a ainmnítear (nó a bhfuil sé molta go n-ainmneofaí iad) mar Limistéir Oidhreachta Náisiúnta, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta nó Limistéir faoi Chosaint Speisialta dá dtábhacht éiceolaíochta, rialaithe comhshaoil, seandálaíochta, chultúrtha agus oideachais.
------------	---

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 37	Oibriú i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ar láithreá(i)n oiriúnach(a) thailte portaigh chun dea-chleachtas a léiriú maidir le teicnící inbhuanaithe um chaomhnú, bainistíocht agus athchóiriú thailte portaigh agus chun a luach oidhreachta agus oideachais a chur chun cinn faoi réir Mheasúnacht Tionchair Éiceolaíoch agus Scagadh Measúnachta Cuí, mar is cuí.
------------	--

8.12 Oidhreachtaí Gheolaíoch

Faoi láthair ta an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Suirbhé Geolaíoch na hÉireann (SGÉ) ag ceapadh liosta de láithreáin gheolaíoch a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo. Mar chuid den phróiseas sin thug an GSÉ faoi iniúchadh ar *Oidhreachtaí Gheolaíoch na Mí 2007*, inar aithníodh 28 láithreán lena ngabhann tábhacht gheolaíoch don chontae (Tábla 8.7). Ainmneofar na láithreáin sin in am is i dtráth, mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (LONanna), mar gheall ar a spéis gheolaíoch go náisiúnta. Idir an dá linn, trí mheán an Phlean, cosnóidh agus coimeádfaidh an Chomhairle luach oidhreachta geolaíche na láithreán sin. Féadfar aon tograí forbartha laistigh de Láithreáin Gheolaíoch an Chontae a chur faoi bhráid an GSÉ chun a gcomhairle a lorg.

Tábla 8.7 Láithreáin Gheolaíochá an Chontae⁷

1. Caisleán Bhaile Ghib	15. Gleann na Bóinne
2. Tobar Naomh Keeran	16. Galtrim Moraine
3. Baile an Bheileogaigh	17. Mullaghmore
4. Gráinseach na Gaoithe	18. Na Muirne
5. Cairéal Chnoc na hEorna	19. Ráth Cheannaigh
6. An Chreig	20. Eiscear Ráth Moliain
7. Scairp Poulmore	21. Eiscir Bhaile Átha Troim
8. An Inse go Baile Mhic Gormáin	22. Sruthán Allt Maise
9. Benhead	23. Cairéal Chnoc Bray
10. Gleann an Blackwater	24. Cairéal Dhamh Liag
11. Cairéal Chill Bhríde	25. Bruach na hAbhann ag an Obair
12. Cairéal Bhaile Phaghain	26. Aillte Rockwood
13. Cairéal Charraig Leice	27. Dúnseachlainn (láithreán)
14. An Bhóinn, Baile Átha Troim	28. Fuarán Naomh Gorman

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 46 Luachanna oidhreachta geolaíche agus geomoirfeolaíochá na Láithreán Geolaíoch Contae atá liostaithe i dTábla 8.7 a choimeád, agus, trí dhul i gcomhairle le Suirbhé Geolaíoch na hÉireann, iad a chosaint ar fhorbairt mhíchuí.

8.13 Uiscebhealaí Intíre

Tá stráicí móra d'uiscebhealaí feidhmeacha agus dearóile sa Chontae lena n-áirítear stráicí den Chanáil Ríoga agus Canáil Loingseoireachta na Bóinne. Áis agus gnáthóg fiadhúlra thábhachtach iad na huiscebhealaí gur féidir taisteal orthu agus nach féidir taisteal orthu. Beidh gach togra forbartha faoi réir Measúnacht Tionchair Éiceolaíoch agus scagadh do Mheasúnacht Chuí (mar is cuí).

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 47 Acmhainn na n-uiscebhealaí loingseoireachta agus neamhloingseoireachta sa Chontae a chosaint maidir le héiceolaíocht, caitheamh aimsire, oideachas, áiseanna agus maolú tuilte, chomh maith le cosáin tarraingthe agus bogaigh in aice.

⁷ Clarke, A., Parkes, M. agus Gatley, S. (2007). The Geological Heritage of County Meath. Suirbhé Geolaíoch na hÉireann agus Comhairle Chontae na Mí. Tuairisc ar fáil ag www.gsi.ie

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 38 Oibriú i gcomhpháirt le hUiscebhealaí Éireann agus le páirtithe leasmhara ábhartha chun dea-chleachtas a mholadh i mbainistíocht bhithéagsúlacht na ngnáthóg canálach agus cosán tarraingthe.

8.14 Bogaigh

Tá idir linnte agus aibhneacha, giolcarnacha, portaigh agus eanaigh i gceist le bogaigh agus is féidir leo limistéir a chuimsiú freisin a mbíonn tionchar ag an muir orthu – ó riasca goirt cósta agus inbhir, go lagáin dhumhcha, móinéir fhliucha shalanda agus murlaigh. Tacaíonn siad le gnáthóga agus speicis éagsúla, feidhmíonn siad chun cáilíocht uisce a chosc agus/nó tuilte a rialú, is stóir thábhachtacha iad do charbón a chuireann le dianseasmhacht aeráide agus soláthraíonn siad spás oscailte agus deiseanna caithimh aimsire. Soláthraíonn *an Suirbhé ar Ghnáthóga Bogaigh agus Cósta Chontae na Mí, 2010* sonraí éiceolaíocha bonnlíne. Beidh aon tograí um míntíriúchán talún i limistéir chósta faoi réir Scagtha um Measúnacht Chuí agus faoi réir measúnachta ar aon tionchair dóchúla ar bhogaigh, ghnáthóga cósta, thailte riascacha inbhearacha agus ar phróisis chósta (lena n-áirítear creimeadh, fuilleamh agus tuilte go háirithe i bhfianaise athrú aeráide).

BEA OID 48 Bogaigh an Chontae a bhainistiú, a fheabhsú agus a chosaint agus aird á tabhairt ar *an Suirbhé ar Bhogaigh Chontae na Mí 2010'* agus déanamh cinnte go bhfuil leibhéal cuí measúnachta i ndáil le tograí lena mbainfeadh draenáil, míntíriú nó inlínadh ghnáthóga bogaigh.

8.15 Crios Cósta

Tá acmhainní tábhachtacha i gcrios cósta an Chontae lena ngabhann tairbhí eacnamaíocha, caithimh aimsire, aeistéitiúla agus caomhantais. Tá líne cósta an Chontae aicmithe mar chósta bog agus síneann sí idir Inbhear na Bóinne sa tuaisceart agus an Abhainn Delvin sa deisceart. Tá gnáthóga nádúrtha éagsúla le fáil ar an líne cósta agus tá go leor speiceas d'fhlóra agus d'fhána, atá léirithe sna hainmníocháin LChSi, LONc agus LCS a chlúdaíonn cuid mhór den limistéar (iarrtar ort féachaint ar Léarscáil 8.3).

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 49 Carachtar, luach físe, caithimh aimsire, éiceolaíoch agus taitneamhachta an chósta a chosaint chomh maith le soláthar do rochtain phoiblí, agus tograí le haghaidh forbartha á meas.

BEA OID 50 Déanamh cinnte nach gcuireann oibreacha ná forbairt mhíchuí isteach ar chosaintí nádúrtha cósta an Chontae, mar thránna, dhumhcha gainimh, bogaigh chósta agus inbhir.

Is cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 40 Na tránna ar an gcósta a chothabháil de réir caighdeáin aird agus a n-acmhainn chaithimh aimsire mar áis cois farraige a fhorbairt, faoi réir measúnachtaí timpeallachta cuí agus i gcomhar leis na gníomhaireachtaí ábhartha, chun iad a thógáil go caighdeán Brataí Goirme.

BEA OID 41	Tabhairt faoi oibreacha caomhantais i gcomhréir leis an dea-chleachtas ar na córais dumhcha cósta faoi réir mheasúnacht tionchair éiceolaíoch agus Measúnachta Cuí, de réir mar is cuí.
BEA OID 42	I gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir <i>Plean Bainistíochta Tránna na hInse, Bhaile Uí Bhataigh agus Bhaile Uí Mhornáin</i> a chur i bhfeidhm.
CUS OID 43	Ár dtréithe cosanta cósta nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú chun an tseasmhacht i gcoinne an athraithe aeráide a láidriú.
CUS OID 44	Iniúchadh a dhéanamh ar conas is féidir tréithe cosanta cósta nádúrtha an Chontae a fheabhsú d'fhonn seasmhacht ár bpobal cósta i gcoinne an athraithe aeráide a threisiú.

8.16 Cearta Slí Poiblí

San Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe ceanglaítear go n-áireodh pleananna forbartha cuspóir um *'cearta slí poiblí a chaomhnú lena dtugtar rochtain ar chladach, shliabh, taobh locha, bruach abhann nó áit eile lena mbaineann áilleacht nádúrtha nó úsáid caithimh aimsire, ní mór na cearta slí poiblí sin a aithint trína marcáil ar cheann amháin ar a laghad de na léarscáileanna atá mar chuid den phlean forbartha agus trína n-ionad a shonrú ar liosta atá ceangailte leis an bplean forbartha'*.

In Aguisín 12 cuirtear liosta agus léarscáileanna ar fáil de na cearta slí poiblí sin, atá aitheanta go dtí seo, i gcomhréir leis an bhforáil sin. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach liosta cuimsitheach é sin agus nár cheart, má tá ceart slí fágtha amach ón liosta seo, talamh slán a dhéanamh de nach ceart slí poiblí é an ceart slí sin.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle:

BEA OID 51	Ar mhaithe le leas an phobail, cearta slí poiblí reatha a chaomhnú agus a chosaint lena dtugtar rochtain ar chladach, sliabh, taobh locha, bruach abhann nó áit eile lena ngabhann áilleacht nádúrtha nó úsáid caithimh aimsire mar atá aitheanta in Aguisín 12 agus Léarscáil 8.5 Cearta Slí Poiblí.
------------	---

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 45	Le linn shaolré an Phlean féachaint chuig cearta slí eile atá ann cheana a aithint agus a chosaint, lena dtugtar rochtain ar chladach, shliabh, taobh locha, bruach abhann nó áit eile lena ngabhann áilleacht nádúrtha nó úsáid caithimh aimsire (agus léarscáileanna in éineacht a léiríonn cearta slí poiblí).
BEA OID 46	Feachaint chuig rochtain ar thailte a shocrú trí hidirbheartaíocht agus úsáid á baint as socruithe rochtana ceadaitheacha, áit is cuí agus is indéanta, chun rochtain poiblí a sholáthar ar thailte le haghaidh thaitheamhacht an phobail.

8.17 Tírdhreach

8.17.1 Comhthéacs Reachtúil

Tá an sainmhíniú ar ‘tírdhreach’ mar atá sainmhínithe ag Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa cuimsithe san Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe. Sonraítear san Acht freisin nach mór go gcuimseodh pleananna forbartha cuspóirí ábhartha a bhaineann leis an tírdhreach, lena n-áirítear cuspóirí i gcomhréir le *‘beartais nó cuspóirí ábhartha... a bhaineann le creat a sholáthar um aithint, measúnú, cosaint, bainistíocht agus pleanáil tírdhreach agus aird á tabhairt ar Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa’*.

8.17.2 8.19.2 An Comhthéacs Beartais

8.17.2.1 Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa agus an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha

Sonraítear i gCoinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa (CTE), a dhaingnigh Éire i 2002 agus ar tugadh feidhm dó ar an 1st Márta 2004, gurb é is brí le tírdhreach ná *‘...limistéar, i dtuairim daoine, a bhfuil a nádúr ina thoradh ar idirghníomhú idir fachtóirí nádúrtha agus/nó daonna’*, agus cuimsíodh an sainmhíniú sin san Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe. Ceanglaítear de réir an Choinbhinsiúin go mbeadh an tírdhreach cuimsithe i mbeartais phleanála agus cuirtear chun cinn idirghníomhú idir údaráis áitiúla agus lárnaigh agus comhar trasteorann chun tírdhreacha a chosaint. Aithnítear leis an gCoinbhinsiún luach cultúrtha, comhshaoil agus eacnamaíoch an tírdhreacha agus an chaoi a gcuireann sé lenár gcáilíocht bheatha agus le mothú áite. Tríd an *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025 (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)* a foilsíodh le déanaí, déanfar cinnte go gcloífear le *Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa* in Éirinn.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS OID 47 Tacú le haidhmeanna agus cuspóirí Choinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa trí chuspóirí agus ghníomhartha ábhartha an *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha* a chur i bhfeidhm.

8.17.3 Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha

Is éard atá i Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha (MNT) ná próiseas ina gcuirtear síos ar, ina dhéantar léarscáiliú ar agus ina aicmítear tírdhreacha. Déantar sainmhíniú ar nádúr tírdhreacha mar *‘phatrún sainiúil, inaitheanta agus comhsheasmhach de ghnéithe sa tírdhreach a léiríonn an difríocht idir tírdhreach amháin agus tírdhreach eile, seachas iad a bheith níos fearr ná níos measa ná a chéile’*⁸. Trí nádúr tírdhreacha a shainiú is féidir teacht ar thuiscint ar luach nádúrtha agus ar thábhacht na gnéithe aonair den tírdhreach agus na bpróiseas a d’fhéadfadh nádúr an tírdhreacha a athrú amach anseo. Ní féidir na gnéithe cultúrtha agus éiceolaíocha den tírdhreach a bhaint óna dtréithe fisiceacha agus físe agus mar sin meastar na gnéithe sin go léir.

⁸ Swanwick, C. (2002). Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha: Guidance for England and Scotland

D'fhoilsigh an DoEHLG Dréacht-Threoirlínte do Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha i 2000 agus rinneadh Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha don Chontae i 2007. Cuspóir lárnach sa *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025* ná Measúnacht Náisiúnta ar Nádúr an Tírdhreacha a fhorbairt agus treoirlínte reachtúla a fhoilsiú chun faoi Mheasúnachtaí áitiúla ar Nádúr an Tírdhreacha, trí chloí le dea-chleachtais idirnáisiúnta agus Tréithriú Stairiúil Tírdhreacha a chuimsiú le haghaidh Údarás Pleanála.

Is iad príomhchuspóirí na Measúnachta ar Nádúr an Tírdhreacha ná -

1. Tuiscint a fheabhsú ar tírdhreach an Chontae maidir lena nádúr uathúil agus na gnéithe a aithint ar cheart a chaomhnú, a choimeád nó a fheabhsú.
2. An patrún ginearálta d'athruithe sa todhchaí a thuar agus beartais agus cuspóirí a cheapadh mar threoir do phleanálaithe agus do pháirtithe eile trína ndéanfar cinnte go gcuirfidh athrú le nádúr an tírdhreacha. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar íogaire agus acmhainn an tírdhreacha i ngach gné de chinnteoireacht,
3. Chun cabhrú le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Cloífead leis an bprionsabal sin atá mar bhonn don chleachtas pleanála agus don reachtaíocht reatha go léir trí chur chuige comhaontaithe a chur chun cinn i dtreo phleanáil agus bhainistíocht tírdhreacha a nascann beartais agus moltaí do nádúr tírdhreacha le beartais pleanála reatha.

Tá an Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha mar chuid d'Aguisín 5 don Phlean. Cuirtear treoir ar fáil ann um thuiscint shonrach ar tírdhreacha an Chontae, agus leagtar amach treoir agus moltaí ann chun cabhrú le beartais pleanála ghaolmhara a fhorbairt, straitéisí a fhorbairt agus forbairt a bhainistiú sa Chontae.

8.17.4 Cineálacha Nádúr Tírdhreacha agus Limistéir

Is é atá i **Cineálacha Nádúr Tírdhreacha** ná cineálacha sainiúla tírdhreacha atá réasúnta aonchineálach ó thaobh carachtair agus atá ilchineálach ó thaobh nádúir sa mhéid is go bhféadfadh go bhfaighfí iad i limistéir dhifriúla ar fud an Chontae. D'ainneoin sin, áit a dtarlaíonn siad, roinneann siad meascáin chosúla de gheolaíocht, de gheografaíocht, de chumhdach talún agus d'úsáid stairiúil talún, e.g. Cnoic agus Limistéir Sléibhe.

Is é atá i **Limistéir Nádúr Tírdhreacha** ná aonaid den tírdhreach atá sainiúil go geografach agus a bhfuil a nádúr agus a mothú áite féin ag gabháil leo. Tá a nádúr sainiúil féin ag gabháil le gach ceann acu, bunaithe ar phátrúin de gheolaíocht, d'fhoirm talún, de ghnéithe cultúrtha, stairiúla agus éiceolaíocha e.g. Gleann na Bóinne.

Roinneann an Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha 2007 an contae i gceithre chineál nádúr tírdhreacha (CNT). Is iad sin ná:

- Cnoic agus Ceantair Sléibhe;
- Limistéir Ísealchríche;
- Dromchlaí agus Inbhir Abhann;
- Limistéir Chósta.

Tá na CNTanna sin fo-roinnte i 20 limistéar sonrach nádúr tírdhreacha.

8.17.5 Íogaire Nádúr an Tírdhreacha

Tá íogaire na Limistéir Nádúr Tírdhreacha sainithe mar a dhianseasmhacht fhoriomlán maidir lena nádúr a choimeád d'ainneoin athraithe agus a chumas teacht slán tar éis cailliúint a ghnéithe nó tar éis go ndéantar dochar dóibh. Déantar íogaire a mheasúnú agus úsáid á baint as critéir ó 'Ard' go 'Íseal' agus tá sé bunaithe ar idirghníomhú idir gnéithe aonair mar fhoirm talún, méid na ngnéithe stairiúla atá le feiceáil (doimhneacht ama) agus dáileadh breathnóirí. Is dóchúil go mbeidh tírdhreach an-íogair leochaileach, soghonta agus is féidir leis athrú cé gur dóchúil go mbeidh tírdhreach lena ngabhann íogaire íseal níos dianseasmhaí agus/nó in ann glacadh níos fearr le hathrú.

Tá Maitrís de Nádúr Tírdhreacha a shonraíonn Luach, Tábhacht agus Íogaire Nádúr an Tírdhreacha cuimsithe i i Measúnacht Nádúr Tírdhreacha na Mí 2007 atá mar Aguisín 5 don Phlean seo.

8.17.6 Acmhainn Tírdhreacha

Tá acmhainn fhéideartha gach MNT bunaithe ar chineálacha táscaha forbartha ar dóchúil go dtarlóidh siad sa limistéar staidéir. Is é atá in acmhainn ná an cumas atá ag an tírdhreach cineálacha sonracha forbartha a mhaolú. Ní féidir acmhainn iarbhír a shainiú ach ar bhonn cáis aonair mar go mbeidh sé éagsúil ag brath ar fhoirm na forbartha, a hionad maidir leis an limistéar nádúr tírdhreacha atá i gceist agus a hinfheicteacht uaidh.

Tá sé mar bheartas ag an gComhairle:

- BEA OID 52 Cailíocht, nádúr agus sainiúlacht tírdhreacha an Chontae a chosaint agus a fheabhsú i gcomhréir leis an mbeartas agus na treoirlínte náisiúnta agus na moltaí i Measúnacht Nádúr Tírdhreacha na Mí (2007) in Aguisín 5, chun déanamh cinnte go gcomhlíonann forbairt nua caighdeán arda maidir le suíomh agus dearadh
- BEA OID 53 Cur i gcoinne moltaí lena ngabhann an gá le cuid mhór crann, fála scean agus ballaí stairiúla nó cóireálacha teoranna sainiúla eile a bhaint.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

- BEA OID 48 Cinntiú go dtabharfar ard agus an fhorbairt á bainistiú ar luach an tírdhreacha, a charachtar, a thábhacht, a íogaire agus a chumas athrú a mhaolú mar atá leagtha amach in Aguisín 5 *Measúnacht Nádúr Tírdhreacha na Mí* agus na moltaí atá ann.
- BEA OID 49 É a dhéanamh ina cheangal go gcuirfí isteach measúnachtaí tionchair maidir le tírdhreach agus gnéithe arna n-ullmhú ag gairmithe atá cáilithe go cuí in éineacht le hiarratais phleanála a d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar limistéir nádúr tírdhreacha lena ngabhann íogaire mheasartha nó ard
- BEA OID 50 Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh más gá), i gcomhthéacs cuir chuige réigiúnaigh i dtreo mheasúnacht tírdhreacha, Measúnacht Nádúr Tírdhreacha an Chontae tar éis treoirlínte reachtúla a fhoilsiú d'Údaráis Phleanála ar Mheasúnachtaí áitiúla ar Nádúr an Tírdhreacha mar atá leagtha amach sa *Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025*

8.17.7 Tréithriú Tírdhreacha Stairiúil

Baineann *Tréithriú Tírdhreacha Stairiúil* (TTS) le ról an ama atá thart i dtírdhreach an lae a aithint agus a shonrú agus leathnaíonn sé an tuiscint ar nádúr an tírdhreacha. Tá ról tábhachtach ag TTS sa bhainistíocht tírdhreacha mar go measann sé forbairt stairiúil an tírdhreacha agus an gaol atá ag foirgnimh agus séadchomharthaí leis an tírdhreach. Thug an Chomhairle tionscadal piolótach chun críche ar Thréithriú Tírdhreacha Stairiúil ar an Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECA, Brú na Bóinne le Scoil na Seandálaíochta in UCD i gcomhréir le treoir na Comhairle Oidhreachta ar *Historic Landscape Characterisation (HLC) in Ireland: Policy and Best Practice Guidance (2010)*.

8.17.8 Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha

Le hAlt 204 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe, cuirtear ar chumas Údarás Phleanála Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha a ainmniú laistigh dá limistéir feidhmiúil, chun é a chaomhnú. Cuspóir a bhain le Plean Forbartha Chontae na Mí 2007-2013 ná iniúchadh a dhéanamh ar ainmniú Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha i dtaobh a limistéir lárnach le haghaidh (a) Limistéir/Limistéir na Teamhrach agus Skryne (s) agus (b) Loch Craobh agus Cnoic Slieve na Calliagh.

I mí an Mhárta 2009, i gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, mar a thugtaí uirthi ag an am, agus leis an gComhairle Oidhreachta, chuir an Chomhairle tús le Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha a ainmniú le haghaidh thírdhreach na Teamhrach/Skryne (mar thionscadal piolótach náisiúnta). Foilsíodh dréacht-Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha i mBealtaine 2010. Níl aon amfhráma reachtúil i gceist, áfach, chun glacadh le Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha.⁹

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 54 Oidhrecht sheandálaíoch, nádúr tuaithe, suíomh agus taitneamhacht thírdhreach na Teamhrach agus Cnoc Loch Craobh agus Slieve na Calliagh a chosaint.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

BEA OID 51 Tacú le hainmniú Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha, de bhun Alt 204 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, mar atá leasaithe, do Thírdhreach na Teamhrach agus Skryne, i dteannta leis na Ranna Rialtais ábhartha agus le páirtithe leasmhara eile.

BEA OID 52 Iniúchadh a dhéanamh, thar shaolré an Phlean, ar ainmniú Limistéir um Chaomhnú Tírdhreacha, de bhun Alt 204 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, mar atá leasaithe i dtaobh Loch Craobh agus Chnoic Shliabh na Caillí.

BEA OID 53 Oibriú i gcomhpháirt leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, leis an OPW, le pobail áitiúla agus le gach páirtí leasmhar ábhartha chun an *Plean Bainistíochta Caomhantais le haghaidh na dTailte faoi Úinéireacht an Stáit ar Chnoc na Teamhrach* a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm.

⁹ Tá eolas faoin tionscadal ar fáil ag www.taralandscape.ie.

BEA OID 54 Oibriú i gcomhpháirt leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, leis an OPW, leis an bpobal áitiúil agus le gach páirtí leasmhar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le bainistíocht cuairteoirí agus chun taithí an chuariteora ar Chnoc na Teamhrach a fheabhsú.

8.18 Radhairc agus Amhairc

Tá go leor pointí amhairc sa Chontae ina dtáirgtear radharc tharraingteacha ó bhairr cnoic agus ceantair sléibe ar ghleannta abhann agus ar an gcósta. Baineann go leor de na radhairc sin le láithreáin oidhreacht agus turasóireacht agus soláthraíonn siad pointí amhairc thar tírdhreacha ardchaighdeán. Tá luach taitneamhachta agus turasóireacht ag baint leis na radhairc scéimhiúla sin agus cuireann siad lenár gcáilíocht bheatha. Níl sé beartaithe go ndéanfaí gach forbairt laistigh de radharc a thoirmeasc, tar éis radharc cosanta a ainmniú, ach seachas sin gur cheart aon fhorbairt atá beartaithe laistigh den radharc a dhearadh agus a shuíomh ionas nach gcuirfeadh sé isteach ar an radharc nó nach gcuirfeadh sé isteach an iomarca ar an tírdhreach mar a fheictear ó na pointí radhairc sin.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 55 Na radhairc agus na hamhairc a chaomhnú atá liostaithe in Aguisín 10, in Imleabhar 2 agus ar Léarscáil 8.6 agus na radhairc sin a chosaint ar fhorbairt a chuirfeadh isteach an-iomarca ar charachtar agus ar thaitneamhacht amhairc an tírdhreacha.

8.19 Bonneagar Glas

Is féidir an téarma Bonneagar Glas (BG) a shainiú mar¹⁰ *'Is é atá i mBonneagar Glas ná líonra atá pleanáilte agus bainistithe go straitéiseach agus atá déanta suas de limistéir ag a bhfuil bithéagsúlacht ardchaighdeán (ceantair sléibhe, bogaigh, tailte portaigh, aibhneacha agus cósta), tailte feirme agus coille agus spásanna glasa eile a chaomhnaíonn luachanna éiceachórais a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha don tsochaí'*. Acmhainní ríthábhachtacha don Chontae iad na hacmhainní comhshaoil agus oidhreacht agus is féidir cur síos orthu mar 'Bhonneagar Glas an Chontae'.

Is féidir le bonneagar glas páirceanna, spásanna oscailte, aibhneacha agus feirmeacha a chuimsiú chomh maith le páirceanna imeartha, coillte, garraithe agus gairdíní príobháideacha atá timpeall ár mbailte agus sráidbhailte agus atá fite fuaite leo. Ba cheart é a dhearadh agus a bhainistiú mar acmhainn ilfheidhmiúil atá in ann raon leathan de thairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus cháilíocht bheatha a chur ar fáil do phobail áitiúla lena n-áirítear:

- Gnóthais agus infheistíocht isteach a tharraingt trí thimpeallacht chruthaitheach a chruthú;
- Níos mó áiteanna do dhaoine chun rochtain a fháil ar an dúlra, ar chaitheamh aimsire lasmuigh agus d'idirghníomhú sóisialta
- Táirgeadh áitiúil - i ngarraithe, i ngairdíní agus tríd an talmhaíocht;
- Gníomhaíocht fhisiceach agus sláinte agus leas níos fearr a spreagadh trí spásanna glasa de chaighdeán ard a sholáthar do shiúl agus rothaíocht chomh maith le gníomhaíocht fhisiceach eile;
- Mothú áite agus sainiúlacht áitiúil a chruthú;

¹⁰ Comhar (2010) Creating Green Infrastructure for Ireland: Natural Capital for Human Wellbeing. Comhar – An Chomhairle um Forbairt Inbhuanaithe.

- Spás don nádúr agus don fhiadhúlra le bheith faoi rath;
- Dul in oiriúint d'athrú aeráide - mar shampla maolú tuilte agus oileáin teasa uirbeacha a fhuarú
- Oideachas faoin gcomhshaol.

I Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh, 2011, féachtar chuig cailliúint na bithéagsúlachta san Eoraip a stopadh faoi 2020. Tá an straitéis sin bunaithe ar shé sprioc a thacaíonn lena chéile agus ina dtugtar aghaidh ar na fachtóirí is mó a chuireann le cailliúint na bithéagsúlachta. Is í aidhm Sprioc 2 ná déanamh cinnte 'faoi 2020, go gcoimeádtar agus go bhfeabhsaítear éiceachórais agus a gcuid seirbhísí trí Bhoneagar Glas a bhunú agus 15% d'éiceachórais mheathlaithe ar a laghad, a thógáil ar ais'. I 2013 d'fhoilsigh an t-AE Building a Green Infrastructure for Europe agus Green Infrastructure: Enhancing Europe's Natural Capital chun creat agus straitéis a chur ar fáil le tionscadail um Bonneagar Glas a chur chun cinn agus a éascú. Tá Straitéis BG an AE déanta suas de na ceithre phríomhghné:

- BG a chur chun cinn i bpríomhréimsí beartais an AE;
- Tacú le tionscadail BG ar leibhéal an AE;
- Rochtain ar airgeadas do thionscadail BG a fheabhsú;
- Eolas a fheabhsú agus nuáil a chur chun cinn

Ar bhonn náisiúnta, tá roinnt eagraíochtaí atá freagrach as treoir faoi BG a eagrú agus as bearta BG in Éirinn, tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, an Chomhairle Oidhreacht, an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra agus Comhar - An Chomhairle um Forbairt Inbhuanaithe i measc pháirtithe leasmhara lárnacha an Stáit agus cuireann siad bearta BG i bhfeidhm. D'fhoilsigh Comhar - An Chomhairle um Forbairt Inbhuanaithe '*Creating Green Infrastructure for Ireland: Enhancing Natural Capital for Human Wellbeing*' (Lúnasa 2010) agus uirlis lárnach sa BG atá sa cháipéis seo mar go leagtar amach inti conas is féidir líonra de spásanna glasa a fhorbairt chun leas na hoidhreacht agus na bithéagsúlachta chomh maith leis an ngeilleagar agus an tsochaí i gcoitinne.

Admhaíonn an Chomhairle go bhfuil cur chuige iomlánaíoch ag teastáil do phleanáil Bonneagair Ghlais agus gur cheart í a chur ar fáil mar chuid lárnach den fhorbairt inbhuanaithe, taobh le bonneagar eile mar fhóntais agus líonraí iompair chun an leas is fearr a bhaint as ár sócmhainní nádúrtha.

Is trí bhonneagar éiceolaíoch a chaomhnú mar fhálta sceach agus chonairí bruacha gur féidir linn 'líonra láithreán' a fhorbairt chun ár mbonneagar glas a neartú agus a fheabhsú. Ceadáíonn siad sin imirce agus malairt speiceas idir limistéir chaomhantais. Chuige sin, agus d'fhonn comhtháiteacht éiceolaíoch an líonra Natura 2000 a fheabhsú, molfaidh an Chomhairle bainistíocht ar ghnéithe den tírdhreach atá fíorthábhachtach don fhána agus don fhlóra fiáin. Ina theannta sin, aithneoidh an Chomhairle láithreáin a bhfuil luach orthu don bhithéagsúlacht áitiúil trí chur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Oidhreacht Contae 2015-2020 agus an Phlean Bithéagsúlachta Contae 2015-2020. Freisin molfaidh an Chomhairle gnéithe den tírdhreach a bhainistiú ar féidir leo cabhrú linn dul in oiriúint d'aeráid atá ag athrú.

8.19.1 Straitéis Bonneagair Ghlais do Chontae na Mí

Tacaíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch le tuilleadh forbartha ar bheartais um Bonneagar Glas agus le comhordú an léarscáilithe ar Bhoneagar Glas straitéiseach sa réigiún. Tá prionsabail chur chuige an Bhoneagair Ghlais i dtreo phleanáil úsáid talún cumhdaithe mar théama i mbeartais agus i gcuspóirí an Phlean seo.

Chuir an Chomhairle tús le Straitéis um Bonneagar Glas a ullmhú, i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus leis an treoir náisiúnta atá ag teacht chun cinn. Oibreoidh an líonra ar gach scála spásúil ó cheantair uirbeacha chuig an tuath níos leithne agus an tírdhreach réigiúnach, agus é ag soláthar ceangal idir na scálaí sin.

Tugtar aghaidh sa straitéis ar na ceithre phríomhthéama a aithníodh, is iad sin ná:

- An bhithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha;
- Tírdhreach, caitheamh aimsire agus taitneamhacht;
- Acmhainní uisce,
- An oidhreacht thógtha agus an cultúr

Is é beartas na Comhairle:

BEA OID 55	Luach eacnamaíoch, sóisialta, comhshaoil agus fisiceach an Bhonneagair Ghlais a aithint.
BEA OID 56	É a dhéanamh ina cheangal go ndéanfadh gach Plean um Úsáid Talún bonneagar glas a chosaint, a bhainistiú agus a sholáthar áit is féidir, ar bhealach comhtháite.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

BEA OID 56	Cur chuige Réigiúnach agus Contae a fhorbairt i dtreo Bonneagair Ghlais agus tacú lena chur i bhfeidhm trí hoibriú i gcomhpháirt le hÚdarás Réigiúnach an Oirthir agus an Lár Tíre agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun an bonneagar glas atá ann cheana sa Chontae a chosaint, a fheabhsú agus a bhainistiú agus chun Bonneagar Glas breise a chur ar fáil, áit is féidir.
BEA OID 57	Sócmhainní bonneagair ghlais agus láithreáin lena ngabhann luach don bhithéagsúlacht áitiúil a aithint agus a léarscáiliú le linn shaolré an Phlean.
BEA OID 58	De bhun Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), bainistíocht gnéithe den tírdhreach a mholadh, mar theorainneacha traidisiúnta goirt, atá tábhachtach le haghaidh chomhtháiteacht éiceolaíoch líonra Natura 2000 agus atá riachtanach um imirce, scaipeadh agus malairt ghéiniteach speiceas fiáin.
CUS OID 59	(a) Caomhnú agus cosaint ceantar a ainmnítear mar Cheantair Oidhreachta Náisiúnta (CON) (suíomhanna molta sa áireamh) a chur chun cinn go réamhghníomhach agus gan tograí a mheas maidir le forbairt laistigh de CON nó maidir le forbairt a mbeadh tionchar aici ar cheantar dá leithéid ach amháin más féidir a léiriú go soiléir nach mbeidh tionchar suntasach diúltach ag an bhforbairt beartaithe ar an CON nó ar an CON molta;
	(b) Cosaint iomchuí a aithint agus a thabhairt d'aon CON nua, molta nó mionathraithe a aithneofaí le linn shaolré an Phlean.